



**ombudsman**  
do leanaí & do dhaoine óga

# Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh  
i gcomhar leis an aos óg

Rang 5 & 6



# Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh  
i gcomhar leis an aos óg

Is acmhainn de chuid Oifig an Ombudsman do leanaí é ‘Céard a déarfá féin?’



**www.oco.ie**

Ábhair bunúil arna chur in eagar ag

**Owen McCarthy**

agus scríofa ag foireann múinteoirí a bhfuil seantaithí acu:

**Anne-Marie Herron**

**Anne-Marie Kealy**

**Owen McCarthy**

Iad seo a leanas scríbhneoirí na ngníomhaíochtaí nua sna hábhair  
acmhainne chomh maith: **Anne-Marie Herron**, **Anne-Marie Kealy** agus **Owen McCarthy**.

Ba mhaith leis an OCO a thabhairt chun suntais an obair thábhachtach a rinne  
Clíodhna Ní Ghiollagáin agus Kate Mitchell i bhforbairt na n-acmhainní seo.

© Oifig an Ombudsman do Leanaí

# Brollach

A Mhúinteoir, a chara,

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil sé beartaithe agat na hábhair acmhainne seo a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a bhaineann le cearta an linbh.

Is é atá i gceist le mo phost, mo dhualgas reachtúil, ná cearta agus leas gach linbh, suas go haois ocht mbliana déag, a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear a leas san áireamh sa dlí, polasaí agus cleachtas. Fiafraítear díom go minic cá bhfuil cearta an linbh sonraithe. Tá dhá phríomh-phointí tagartha ann: an Bunreacht, atá mar ionstraim bhunaidh dhlíthiúil na hÉireann, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna leanaí ar aontaíodh go hidirnáisiúnta leo, rud a daingníodh in Éirinn i 1992.

Sa bhliain 2007, chuireamar an 'Ballóid Mhór' ar bun, tionscadal inar vótáil 74,000 leanaí ar na príomh-shaincheisteanna a raibh tionchar acu orthu. Thacaigh 560 bunscoil agus iar-bhunscoil, Ionaíd Ógtheagmhála agus Ionaíd Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearach leis na daoine óga páirt a ghlacadh ann. Tá sé ar an gcomhairliúchán is mó le leanaí in Éirinn riamh agus, mar is léir, ní fhéadfadh go mbeadh ann dó gan cúnamh agus díograis na múinteoirí ar fud na tíre.

Léirigh aiseolas ón tionscadal seo gurb iad na príomh-bhuntaistí do leanaí a bhí páirteach sa bhallóid ná an deis cearta an linbh a iniúchadh; tuairimí a chruthú agus a chur in iúl; agus foghlaim faoi, agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó mhúinteoirí mar

gheall ar a bheith ag úsáid na n-ábhar acmhainne agus d'iarr roinnt acu ábhair bhreise ar chearta an linbh orainn.

D'aontaigh an foireann múinteoirí a d'fhorbair na hábhair acmhainne bunaidh do bhunscoileanna obair a dhéanamh arís linn ar na hábhair seo. Ba mhór dúinn saineolas agus cruthaitheacht Owen McCarthy, Ann Marie Herron agus Anne-Marie Kealy.

Tuigim an ról suntasach atá ag múinteoirí i saolta leanaí. Cuireann ár n-eispéireas féin ar obair rannpháirtíoch i gcuimhne dúinn go bhfuil muid, mar atá do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí, ag foghlaim chuile lá.

Tá súil agam go mbeidh na hábhair seo mar thacaíocht duit agus tú i mbun oibre agus go gceapfaidh na leanaí nach bhfuil na hábhair oideachasúil amháin, ach spraoiúil chomh maith.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin OCO a fháil, agus an obair atá ar bun againn cearta agus leas an linbh a chur chun cinn in Éirinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag - [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

Míle buíochas,

Ombudsman do Leanaí



2010

# Réamhrá

Fáilte chuig 'Céard a Déarfá Féin?'. Is éard atá san acmhainn seo ná gníomhaíochtaí a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le cearta an linbh. San áireamh ann tá tagairtí don Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus don Bhunreacht.

Grúpa múinteoirí a chruthaigh na gníomhaíochtaí seo- gníomhaíochtaí a ceapadh ar bhealach a éascódh cur i bhfeidhm roinnt gnéithe den churaclam.

Sna hábhair tugtar tús eolais ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí agus tugtar an deis do leanaí na saincheisteanna seo a leanas a iniúchadh agus a phlé:

- **Guth a bheith agat agus go dtabharfaí cluas le héisteacht duit**
- **Teaghlach agus cúram**
- **Sláinte agus maoín**
- **Oideachas**
- **Súgradh, fóillíocht agus caitheamh aimsire**
- **Cuimsiú**

Caithfear na saincheisteanna seo a láimhseáil go híogair. Ní foláir do mhúinteoirí cúinsí ar leith na leanaí a bhfuil siad ag obair leo a chur san áireamh agus na hábhair a chur in oiriúint dá réir.

Bunaithe ar na gníomhaíochtaí roimh ré agus féadfaidh múinteoirí é a chur in oiriúint dá scoil féin, díríonn gníomhaíocht deiridh na hacmhainne seo ar chuidiú le leanaí a dtuairimí a chur in iúl trí bhallóid a eagrú agus/nó páirt a ghlacadh ann.

Cuideoidh an rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo le leanaí tuiscint leathan a fháil ar an tábhacht a bhaineann le guth a bheith acu i leith nithe a théann i gcion orthu.

### **Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i) :**

Tá sé de cheart ag saoránaigh gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

### **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), Airteagal 12:**

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

# Conas an acmhainn seo a úsáid

## CROÍGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is éard atá san acmhainn seo ná lámhleabhar do mhúinteoirí a áiríonn bileoga oibre ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu agus DVD ag gabháil leis a dhíríonn ar roinnt de na gníomhaíochtaí. San fhormáid seo féadfaidh leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha agus ag an am céanna cur lena dtuiscint ar chearta agus ar shaoránacht.

Tugann an chéad ghníomhaíocht tús eolais do na leanaí ar an Ombudsman do Leanaí. Sna gníomhaíochtaí eile déantar cíoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí ar bhealach a fhorbraíonn scileanna agus luachanna a bhaineann le hoideachas sa saoránacht. Cuireann na gníomhaíochtaí sin fócas ar fáil a dhíríonn ar an ngníomhaíocht deiridh – ballóid atá ina cheacht ar Shaoránacht agus a thugann tús eolais do na leanaí ar an bpróiseas daonlathach. Tá súil againn go mbainfidh na leanaí taitneamh as na gníomhaíochtaí.

## MÍR INIÚCHTA

Dóibh siúd gur mian leo iniúchadh breise a dhéanamh ar na saincheisteanna seo, laistigh den Mhír Iniúchta tá roghanna breise iniúchta maidir le cearta agus freagrachtaí an linbh.

Laistigh de chomh maith tá leaganacha téacs de chás-staidéir agus cleachtaí tionlacain an DVD do mhúinteoirí ar mhian leo leanacht le hobair scríofa nó dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar sheinnteor DVD.

## TUISMITHEOIRÍ

Tá litir ón Ombudsman do Leanaí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ag gabháil leis an acmhainn seo. Chun an deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí

na saincheisteanna a ndéantar iniúchadh orthu san acmhainn seo a phlé lena leanaí, tá spás ar na bileoga oibre do shíniú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Iarrtar ar scoileanna torthaí ghníomhaíocht na ballóide a sheoladh abhaile chomh maith.

## CURACLAM SCOILE

Éascaíonn na gníomhaíochtaí gnéithe den churaclam teagaisc agus foghlama, go háirithe i gcomhthéacs OSPS (féach léaráid thall). Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le leanaí iniúchadh agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ábhar ag tagairt dá n-eispéiris féin. Baintear an-úsáid as an scéal sna hábhair acmhainne do bhunscoileanna, idir shíscéalta do ranganna na naíonán is chás-staidéir do ranganna sinsearach.

## OIDEACHAS NEAMHFHOIRMIÚIL

Cé gur forbraíodh na hábhair seo don teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs oideachas foirmiúil leanaí, féadfar na gníomhaíochtaí a úsáid freisin d'obair le leanaí i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla – mar shampla, mar chuid de chlár gníomhaíochtaí do leanaí atá ag freastal ar chlubanna tar éis scoile.

## MODHEOLAÍOCHTAÍ

I measc na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a áiríodh agus na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích bhí plé, díospóireacht, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh. Spreagann siad leanaí le comhbhá a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i gcomhar-fhoghlaim. Moltar do mhúinteoirí tacú leis na leanaí obair i ngrúpaí de chumais mheasctha. Cothaítear nasc idir an scoil agus an baile le gníomhaíochtaí a spreagfaidh plé breise ar na saincheisteanna sa bhaile. Ba chóir go mbraitheadh leanaí úinéireacht i leith na hoibre a dhéanann siad i gcomhthéacs gach gníomhaíochta.

## An bhaint atá ag ‘Céard a Déarfá Féin?’ leis an gCuaraclam do Ranganna 5 & 6

### OSPS

#### Mise:

- Ag déanamh cinntí

#### Mise agus mo theaghlach:

- Cineálacha éagsúla teaghlach a iniúchadh

#### Mise agus an domhan mór:

- Ag forbairt saoránachta
- Ag iniúchadh ceart agus freagrachtaí
- Ag iniúchadh éagothroimí

### OSIE, Tíreolaíocht

#### Imshaoil Dhaonna:

- Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

### Céard a déarfá féin?



*Iniúchadh ar chearta  
an linbh i gcomhar leis  
an aos óg*

### Dramaíocht

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú srl. i ndéanamh drámaíochta

### Teangacha

#### Labhairt:

- Plé
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Drámaíocht seiftithe

#### Scríbhneoireacht:

- Ag achoimriú scéalta
- Liostaí, tuairiscí agus sceidil agallaimh a scríobh

#### Léitheoireacht:

- Scéalta a léamh/cas-staidéir a léamh agus freagairt ó bhéal nó i scríbhinn

|                                                                 | Leathanach | Ábhair                                                         |
|-----------------------------------------------------------------|------------|----------------------------------------------------------------|
| <b>Brollach</b>                                                 | 4          |                                                                |
| <b>Réamhrá</b>                                                  | 5          |                                                                |
| GNÍOMHAÍOCHT 1:<br><b>Cuir aithne ar an Ombudsman do leanaí</b> | 9          | DVD Rian 3<br>Póstaer – an OCO                                 |
| GNÍOMHAÍOCHT 2:<br><b>An Ceart go nÉistfí Leat</b>              | 15         | DVD Rian 4<br>Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh |
| GNÍOMHAÍOCHT 3:<br><b>Rogha Chaoimhín</b>                       | 21         | DVD Rian 8                                                     |
| GNÍOMHAÍOCHT 4:<br><b>Súgradh do Chách</b>                      | 27         |                                                                |
| GNÍOMHAÍOCHT 5:<br><b>Scáthán Chaitlín</b>                      | 33         | DVD Rian 9                                                     |
| GNÍOMHAÍOCHT 6:<br><b>Mo shláinte agus mo chearta</b>           | 37         |                                                                |
| GNÍOMHAÍOCHT 7:<br><b>Inniu mo Lá</b>                           | 43         | DVD Rian 10                                                    |
| GNÍOMHAÍOCHT 8:<br><b>Cluiche na gCeart</b>                     | 49         |                                                                |
| GNÍOMHAÍOCHT 9:<br><b>Do Ghuth, Do Vóta</b>                     | 57         |                                                                |
| <b>Iniúchadh</b>                                                | 67         |                                                                |

**AON RUD IN EASNAMH?**

MÁ TÁ AON CHEANN DE NA NITHE SIN IN EASNAMH IS FÉIDIR IAD A ÍOSLÓDÁIL ÓNÁR SUÍOMH GRÉASÁIN  
**WWW.OCO.IE**

**PRÍOMHDHEILBHÍNÍ****Radharc DVD****Scríobh****Léigh os Ard Plé Ranga****NASC BAILE****Nasc le Baile**



*Obair an Ombudsman do Leanaí*

# GNÍOMHAÍOCHT 1

Cuir aithne ar  
an Ombudsman  
do Leanaí





# Cuir aithne ar an Ombudsman do Leanaí

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais ar an Ombudsman do Leanaí. An phríomhghné den ghníomhaíocht ná agallamh ar DVD le Emily Logan. Mura bhfuil eolas ag na leanaí faoi Emily cheana féin, ná hínis dóibh roimh ré gur bean an tOmbudsman do Leanaí.

## CUSPÓIR:

Tús eolais a thabhairt do leanaí ar ról an Ombudsman do Leanaí agus iniúchadh a dhéanamh ar an ról aici.

## BEIDH GÁ LE:

- *Póstaer on OCO*
- *DVD Rian 3*
- *Bileog gníomhaíochta 1*
- *Litir do thuismitheoirí/caomhnóirí*
- **Nóta eolais:** Mura bhfuil fáil agat ar sheinnteoir DVD, is féidir úsáid a bhaint as litir Emily chuig na leanaí atá ar lch70 den Rannóg 'Iniúchadh' den lámhleabhar seo mar rogha eile túsphointe.

## An tOmbudsman do leanaí

Eascraíonn an focal 'Ombudsman' ó Chríoch Lochlainn. An bhrí atá leis an gcéad chuid den fhocal 'Ombuds' ná cosantóir ceart agus tagraíonn an dara cuid 'man' don chine daonna i gcoitinne. Mar sin d'fhéadfadh Ombudsman a bheith ina fhear nó ina bean. Tá sé/sí ina d(h)uine a chosnaíonn cearta daoine nó grúpa ar chumhachtaí agus bearta rialtais agus eagraíochtaí poiblí eile. I gcás an Ombudsman do Leanaí, is iad tairbhithe a c(h)uid oibre ná leanaí.



**RÉAMHRÁ:***Ról an Ombudsman do Leanaí*

Bíodh plé gearr ann ar cad a d'fhéadfadh a bheith ina dhualgas ar Ombudsman do Leanaí, m.sh. feasacht a spreagadh i leith saincheistanna faoi leanaí. Ba chóir roinnt de shonraí an chomhthéacs ina n-oibríonn Ombudsman do Leanaí a bheith mar bhonn is mar thaca leis an bplé – mar shampla, bheadh sé/sí neamhspleách, ní bheadh sé/sí ina bhall de rialtas agus ní fhéadfadh sé/sí dlíthe a rith, ach d'fhéadfadh sé/sí dul i bhfeidhm ar dhréachtú dlíthe, ar pholasaí rialtais agus ar chinntí a théann i bhfeidhm ar leanaí.

**FORBAIRT:***An tOmbudsman do Leanaí a chur faoi agallamh*

- Roinn na leanaí sa rang i ngrúpaí beaga.
- Fiafraigh de na leanaí – dá mbeadh agallamh á chur acu ar dhaoine don phost mar Ombudsman do Leanaí, cad iad na ceistanna a chuirfidís?
- Iarr ar ghrúpaí a gceistanna agallaimh a phlé agus a liostáil ar bhileog gníomhaíochta 1.
- Nuair atá an tasc seo curtha i gcrích acu, mínigh go raibh daoine óga páirteach sa phróiseas agallóireachta nuair a bhí an chéad Ombudsman do Leanaí á roghnú in Éirinn.
- Taispeáin Rian 3 ar an DVD, nó léigh amach litir Emily ar leathanach 70 den Rannóg 'Iniúchadh' den lámhleabhar seo. Ag an deireadh, fiafraigh de na leanaí an raibh aon chuid de inspéise dóibh siúd.

- Fiafraigh díobh conas mar a chomhlíonann Emily na hidéil maidir lena gceistanna tosaigh ar an mbileog oibre?
- Iarr ar na leanaí pointe tábhachtach a roghnú ó rian 3 ar an DVD, nó ón litir. Ceap daoine le taifead a choinneáil agus cuirfead na moltaí seo ar taispeáint

**AR TAISPEÁINT**

Cuir an obair a taifeadadh ón bpríomhghníomhaíocht ar taispeáint.

**INIÚCHADH**

Déantar iniúchadh breise ar ról an Ombudsman do Leanaí i ngníomhaíochtaí eile san acmhainn seo. Tá smaointe breise le haghaidh gníomhaíochta faoi obair an Ombudsman do Leanaí ar fáil sa Rannóg 'Iniúchadh'.

**NASC BAILE**

Tabhair fótachóip de litir Emily do thuismitheoirí/caomhnóirí – litir a thugann eolas dóibh faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí. Iarr ar na leanaí an obair a rinne siad ar bhileog gníomhaíochta 1 a phlé sa bhaile lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.





**ombudsman**  
do leanaí & do dhaoine óga

AINM: \_\_\_\_\_ DÁTA: \_\_\_\_\_

## Ceistneoir d'iarrthóirí don phost mar Ombudsman do Leanaí

| RÉIMSE                                                                                         | CEISTEANNA                                 |
|------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------|
| <b>Cáilíochtaí</b>                                                                             |                                            |
| Smaoinigh ar na cáilíochtaí a bheadh tábhachtach don phost seo.                                | 1.<br><br>2.                               |
| <b>Taithí</b>                                                                                  |                                            |
| Smaoinigh ar an taithí ar mhaith leatsa a bheith ag an té a roghnófar mar Ombudsman do Leanaí. | 1.<br><br>2.<br><br>3.<br><br>4.<br><br>5. |
| <b>Oiriúnacht</b>                                                                              |                                            |
| Smaoinigh ar an gcineál duine ar mhaith leatsa a fheiceáil sa phost mar Ombudsman do Leanaí.   | 1.<br><br>2.<br><br>3.<br><br>4.<br><br>5. |



NASC BAILE

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: \_\_\_\_\_

A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,

Táim ag scríobh chugat toisc go bhfuil do leanbh ag foghlaim faoinár n-obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí ar scoil faoi láthair.

Mar chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn, is é mo phost cearta agus leas leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois a chur chun tosaigh.

Sa ról agamsa mar Ombudsman do Leanaí, tá dualgas reachtúil orm feasacht ar shaincheistanna a bhaineann le cearta agus leas an linbh, i measc leanaí agus daoine óga, a mhéadú.

Chuireamar clár gníomhartha oideachasúla le chéile i gcomhar le múinteoirí a bhfuil taithí mhaith acu sa réimse seo ionas go mbeidh leanaí in ann foghlaim faoin obair a dhéanaimid agus go mbeidh siad in ann dul i ngleic le hábhair a bhaineann le saol an linbh in Éirinn.

Bhí na gníomhartha seo mar chuid de thionscadal “an Bhallóid Mhór” ar dtús, a reáchtáil ár nOifig le linn 2007. Ghlac na céadta scoil agus beagnach 75,000 leanbh ar fud na hÉireann páirt sa tionscadal seo. Ba í aidhm an tionscadail deis a thabhairt do leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi na ceistanna is tábhachtaí dóibh, agus leis sin, níos mó eolais a chur ar fáil dár nOifig sa chaoi is go mbeimis in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na ceistanna ar a mbeimis ag díriú.

Tá sé lárnach dár n-obair anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí gur féidir le leanaí féin a dtuairimí agus ábhair is cúram dóibh a chur in iúl dúinn, agus gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcinntí a bhaineann leo.

Foghlaimimid lear mór eolais ó na tuairimí agus smaointe a roinneann leanaí agus daoine óga linn. Táimid ar an eolas faoin méid tacaíochta a thugann thuismitheoirí agus gairmithe do leanaí agus do dhaoine óga nuair atá siad ag iarraidh níos mó eolais a fháil ónár nOifig nó teagmháil a dhéanamh linn. Táimid go léir fíorbhuíoch as an tacaíocht seo.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le hobair ár nOifige, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag [www.oco.ie](http://www.oco.ie), seol ríomhphost chugainn ag [oco@oco.ie](mailto:oco@oco.ie) nó cuir glao orainn ag 01-8656800 chun pacáiste eolais a lorg.

Míle buíochas,



Emily Logan, Ombudsman do Leanaí

*Guth a bheith agat agus an ceart go n-éistfí leat*

# GNÍOMHAÍOCHT 2

## An Ceart go nÉistfí Leat

[www.oco.ie](http://www.oco.ie)

### Leanaí agus an Dlí

**Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CCL), Airteagail 37 & 40:**

Tá sé de cheart ag gach leanbh nach ndéanfaí pónós a ghearradh orthu ar bhealach cruálach nó goilliúnach. Tá cúnamh dlí má tá siad cúisithe i leith dlí a shárú san áireamh. Ba chóir aon srian ar shaoirse a úsáid

mar rogha dheiridh agus don tréimhse ama is giorra atá oiriúnach. Ní mór don chóras ceartaís a bheith cóir agus sainiúil do leanaí agus go mbeadh comhroghanna eile ar fáil in áit imeachtaí cúirte, cúraim in institiúidí agus coinneála.



 **ombudsman**  
do leanaí & do dhaoine óga





Guth a bheith agat agus an ceart go n-éistfí leat

# An Ceart go n-Éistfí Leat

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do leanaí ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL). Is éard atá sa Choinbhinsiún seo ná sraith de chaighdeáin agus d'oibleagáidí arna n-aontú go hidirnáisiúnta, a shínigh formhór thíortha an domhain, Éire san áireamh. Sainaithníonn na caighdeáin bhunúsacha seo – ar a dtugtar cearta daonna freisin – na teidlíochtaí agus na saoirsí íosta ar chóir do rialtais iad a urramú agus a chosaint. Sainaithnítear sa CNACL go bhfuil an ceart atá ag leanaí guth a bheith acu agus go n-éistfí lena dtuairimí faoi nithe a théann i gcion orthu ina chroícheart acu.

## Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i):

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

## CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

## CUSPÓIR:

Cuidiú le leanaí:

- a thuiscint go bhfuil CNACL ina chomhaontú tábhachtach idirnáisiúnta i ndáil le cearta leanaí;
- iniúchadh a dhéanamh ar an gceart atá acu go n-éistfí leo agus ar straitéisí chun a dtuairimí a chur in iúl.

## BEIDH GÁ LE:

- Rian 4 den DVD
- Póstaer CNACL
- Bileog gníomhaíochta 2



**RÉAMHRÁ:**


*CNACL a chur i láthair*

- Cuir Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ar taispeáint agus mínigh go bhfuil liosta ann de na cearta is cóir a bheith ag gach leanbh. Tá formhór na dtíortha mórthimpeall an domhain tar éis na cearta seo a chomhaontú, Éire san áireamh.
- Léigh tríd an bpóstaer leis na leanaí. Iarr orthu a dtuairimí a chur in iúl.
- Seinn an DVD, Rian 4 a chuireann CNACL i láthair.
- Bíodh plé gairid ann ar na cearta a dtagraíonn Emily dóibh ar Rian 4 den DVD agus ar an bpóstaer de CCL.
- Fiafraigh de na leanaí cén fáth a raibh gá ag na daoine a dhréachtaigh an Coinbhinsiún béim a leagan ar gur bhain sé le gach leanbh?
- Lorg samplaí ó na grúpaí leanaí de na leanaí ar ghá cosaint níos mó a thabhairt dá gcearta in Éirinn, agus iarr ar dhuine de na leanaí nó níos mó an liosta sin a thaifeadadh.



Tá de cheart agam  
go n-éistfí liom

Tá de cheart agam  
go n-éistfí liom



**FORBAIRT:***Mo ghuth a ardú*

Déanann an ghníomhaíocht seo iniúchadh ar straitéisí inar féidir le leanaí a nguth a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí, ar bhealach éadromchroíoch. D'fhéadfaí an plé a thagann ina dhiaidh sin a úsáid chun tábhacht na saincheiste a iniúchadh.

**Nóta eolais don mhúinteoir:**

Tugann taighde a rinneadh thar ceann an OCO le fios go mbraitheann leanaí go ginearálta nach gcloistear go himleor iad agus/nó go ndéantar beag is fiú dá gcúiseanna imní/dá dtuairimí. Díríonn an ceacht seo ar an tábhacht a bhaineann le go gloistear le duine agus tabhair samplaí de na cúinsí inar féidir le leanaí guth a bheith acu.

- Lorg roinnt leanaí a chuirfidh iad féin chun tosaigh don tasc feidhmiú mar mholtóirí.
- Roinn an chuid eile de na leanaí ina ngrúpaí áit a bhfuil siad suite. Cinntigh go bhfuil fáil acu ar pháipéir, ar mharcóirí etc. Ionas go mbeidh an ghníomhaíocht taitneamhach, eagraigh bord acmhainne roimh ré, ar féidir a mhéid is féidir rudaí a chur air, agus ar féidir le grúpaí cúpla mír a thógáil mar fhrapaí don chur i láthair. Bailigh an méid míreanna éagsúla agus is féidir le chéile ionas go mbeidh an ghníomhaíocht níos taitneamhaí.
- Tabhair ceann de na ráitis ar bhileog gníomhaíochta 2 do gach grúpa.
- Tabhair am do gach grúpa straitéis a cheapadh chun a dteachtairacht a chur i láthair ionas go seasann sé amach thar teachtaireachtaí na ngrúpaí eile. Cuir na grúpaí i dtreo na n-acmhainní ar an mbord agus déan

cur síos achomair ar na rialacha, de réir mar is mian leat, a bhaineann leis na míreanna ón mbord a thógáil.

- De réir mar atá na grúpaí i mbun oibre, ullmhaigh na moltóirí trí phlé a bheith ann leo maidir leis na nithe ar chóir dóibh marcanna a thabhairt dóibh.
- Nuair atá an t-am pleanála thart, cuirfidh na grúpaí a straitéisí i bhfeidhm ag an am céanna.
- Tabhair achoimre ar na straitéisí a roghnaíodh e.g. glórach, béicíl, comharthaí móra, léiriú. Pléigh cé chomh héifeachtach is a bhí na straitéisí sin.
- Iarr ar na moltóirí a mbreithiúnas a thabhairt ar cé acu cur i láthair a raibh an tionchar is mó aige.
- Fiafraigh de na leanaí cén tionchar a bheadh ag a nguthanna go léir a chur le chéile. An bhfuil a nguthanna níos éifeachtaí nuair a chuirtear le chéile iad?
- Mínigh dóibh go n-éistfear lena nguth tríd an tionscadal 'An Bhallóid Mhór' ach nach bhfuil ann ach bealach amháin a bhfuil le rá acu a chur in iúl. Éascaigh plé ar an gcaoi a bhféadfadh leanaí a chinntiú go n-éistear lena nguth níos éifeachtaí ar scoil.

**GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:**

Iarr ar na leanaí bealaí a scríobh agus a léiriú inar féidir leo a nguthanna a úsáid chun a chinntiú go n-éistear leo, bunaithe ar an bplé a bhí acu agus a n-eispéiris le linn na gníomhaíochta atá díreach curtha i gcrích acu.

**INIÚCHADH:**

Chun iniúchadh a dhéanamh ar an téama 'guth a bheith agat agus an ceart go n-éistfí leat' nó chun forbairt a dhéanamh ar an obair leis na leanaí faoi CNAEL, breathnaigh ar na smaointe agus gníomhaíochtaí sa rannóg 'Iniúchadh'.

### Guth a bheith agat agus an ceart go n-éistfí leat

AINM:

DÁTA:



Tá mé tábhachtach

Ní éisteann éinne liomsa

Is daoine iad leanaí

Tá caoirigh i mo thimpeall

Amharc orm nuair atá me ag labhairt leat

Tugtar aird ar mo ghuth sa seomra ranga

*Oideachas*

# GNÍOMHAÍOCHT 3

## Rogha Chaoimhín





## Oideachas

# Rogha Chaoimhín

Cuidíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar na constaicí do mhionlaigh páirt iomlán a ghlacadh sa scolaíocht trí bhreathnú ar an eispéireas a bhí ag ball óg den Lucht Taistil.

**Bunreacht, Airteagal 42 :**

Aithníonn an Stát an ceart oideachas a fháil.

**CNACL, Airteagal 28:**

Tá sé de cheart ag leanaí oideachas a fháil.

**CUSPÓIRÍ:**

Cuidigh leis na leanaí:

- an ceart chun oideachais a phlé;
- iniúchadh a dhéanamh ar an sampla de chonstaicí do mhionlaigh oideachas maith a fháil

**BEIDH GÁ LE:**

- DVD Rian 8 – Rogha Chaoimhín,
- nó, mar rogha air sin, téacs an chás-staidéir seo atá ar leathanach 75 den rannóg ‘Iniúchadh’ sa lámhleabhar seo.

**Nóta don mhúinteoir:**

Bhí suim i gcónaí ag an lucht taistil san oideachas, ach is minic nach bhfuil siad chomh cinnte céanna faoi shochair na scolaíochta mar go minic nach bhfaightear fostaíocht díreach uaidh. Tá seo ag athrú anois. Leanann formhór na mball óg den Lucht Taistil ar aghaidh agus críochnaíonn an iar-bhunscolaíocht. Tá roinnt mhaith anois a dhéanann scrúdú na hArdteistiméireachta agus glacann níos mó páirt ag an tríú leibhéal. É sin ráite, féadfaidh brú ollmhór a bheith ann an scoil a fhágáil ar chúiseanna sóisialta agus eacnamaíochta mar atá léirithe sa chás-staidéir, atá bunaithe ar fhocail scoláire dara leibhéil ó lardheisceart na hÉireann.


Léiríonn staitisticí ginearálta faoi shaol an Lucht Taistil chomh dian is atá an t-eisiamh. Mar shampla, tá ionchas saoil i bhfad níos ísle ag an Lucht Taistil nár mar atá ag an bpobal i gcoitinne



## RÉAMHRÁ

### *Constaicí i mbealach an Oideachais*

- Iarr ar líon beag leanaí na torthaí a thaifeadadh.
- Fiafraigh de na leanaí: Cén ghrúpaí leanaí in Éirinn, ina dtuairim, a bhfuil bacainní orthu teacht ar oideachas maith? Le haghaidh gach grúpa a luaigh siad ba chóir dóibh moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi le déileáil leis an mbac seo.
- Déan liosta de na grúpaí leanaí agus na moltaí comhfhreagracha ar an gclár fad is a dhéanann na leanaí atá ag taifeadadh na dtorthaí liosta ar an bpáipéar céanna don chéad taispeántas eile. Ba chóir do na taifeadóirí dath éagsúil a úsáid le haghaidh gach braisle de mholtaí ó ghrúpaí.





**FORBAIRT***Rogha Chaoimhín***Nóta eolais don mhúinteoir:**

Is léir gur ghá a bheith thar a bheith cúramach maidir leis an tsaincheist a bhaineann le scolaíocht ach ba chóir é a mhíniú do leanaí gur dualgas an stáit é agus a chinntiú go bhfáiltíonn scoileanna roimh na grúpaí mionlaigh uile. Tugann an chaoi ar chaith múinteoir amháin le Caoimhín, An tUasal Ó Sé, an deis do na leanaí plé leis an tsaincheist a bhaineann le caitheamh go héagsúil le daoine éagsúla toisc a gcúlra, seachas caitheamh leo mar dhaoine. Braithfidh an méid is féidir plé leis an tsaincheist seo le rang áirithe ar an méid a clúdaíodh cúrsaí cearta daonna sa rang go dtí seo.

Seinn Rian 8 den DVD nó léigh téacs an chás-staidéir.

Bíodh plé gairid ann ina dhiaidh. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur:

- Cén staid dá scolaíocht ag a raibh Caoimhín?
- Cén rud ar ghlac an tUasal Ó Sé leis i dtaobh Chaoimhín, nach raibh fíor?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le fanacht ar scoil, dar le Caoimhín?
- Cad iad na buntáistí a bhainfeadh leis an scoil a fhágáil anois?
- An dóigh leat go bhfanfaidh Caoimhín ar scoil?
- Cén chaoi ar féidir leis an Ombudsman do Leanaí cuidiú lena chinntiú go gcuimseofaí leanaí ó ghrúpaí mionlaigh, ar scoil?

**AR TAISPEÁINT:**

Cuir ar taispeáint na bileoga a thionsaigh na taifeadóirí sa ghníomhaíocht tosaigh sa seomra ranga –ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh.

**INIÚCHADH:**

Tá roinnt moltaí le hiniúchadh breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an ábhar le fáil sa rannóg 'Iniúchadh' den lámhleabhar seo.



*Oideachas*

# GNÍOMHAÍOCHT 4

## Súgradh do Chách!



## Oideachas

# Súgradh do Chách!

Spreagann an ghníomhaíocht seo feasacht i measc leanaí faoin gceart atá ag leanaí bheith ag súgradh – mar atá sonraithe i CNACL. Cuireann an ghníomhaíocht deis ar fáil freisin plé oscailte a bheith ann faoi bhulaíocht.

**CNACL, Airteagal 31:**

Tá cheart chun súgartha agus chun sosa ag leanaí.

**CUSPÓIRÍ:**

Cuidiú leis na leanaí:

- Iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna a chuireann teorainn leis an taitneamh is féidir a bhaint as súgradh;
- A aithint go bhfuil freagrachtaí ar dhaoine fásta agus ar leanaí a chinntiú go n-éiríonn le leanaí a gceart chun súgartha a réadú.

**BEIDH GÁ LE:**

- Bileog gníomhaíochta 3
- Leathanach mór taispeána do gach grúpa
- Marcóirí



**RÉAMHRÁ:**

*Tá níos mó i gceist le súgradh ná spraoi!*

Cuidigh leis na leanaí plé gairid a bheith acu faoi na nithe seo a leanas:

- Tá spraoi i gceist le súgradh. Cén fáth a bhféadfadh an súgradh a bheith ina chuid thábhachtach den fhás aníos freisin? (m.sh. foghlaim conas idirghníomhnú agus i suíomh sábháilte caidrimh a chothú, nithe nua a thriail, fanacht sláintiúil agus sona).
- Cad iad na nithe is féidir a theacht i mbealach leanaí a gceart chun súgartha a bhaint amach? (m.sh. bulaíocht, eisiaimh, áiseanna easnamhacha, spásanna cónaithe le droch-dhearadh, easpa deiseanna, obair).
- Cad iad na freagrachtaí atá ar dhaoine fásta agus leanaí lena chinntiú go mbainfidh gach leanbh amach an ceart chun súgartha atá acu?

**FORBAIRT:**

*Tá sé de cheart agam a bheith ag súgradh*

Iarr ar na leanaí dul i ngrúpa agus tabhair am dóibh oibriú le chéile chun bileog gníomhaíochta 3 agus an chairt a chur i gcrích.

Ina dhiaidh sin cuidigh leis na leanaí a dtuairimí a roinnt agus a phlé, ag díriú tríd síos ar cé air/uirthi atá an fhreagracht.

**AR TAISPEÁINT:**

Cuir cairteacha súgartha na leanaí ar taispeáint.

**INIÚCHADH:**

Tá smaointe breise faoi iniúchadh a dhéanamh ar an téama seo, lena n-áirítear gníomhaíocht ealaíne i ngrúpa, le fáil sa rannóg 'Iniúchadh'.

**NASC BAILE:**

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 3 a thabhairt abhaile leo agus an obair atá déanta acu a phlé lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

## Súgradh do Chách!

AINM:

DÁTA:

Agus tú ag obair le do pháirtneir líon an bhileog oibre a ghabhann leis an tasc ag deireadh an leathanaigh seo.

Nuair atá mé ag súgradh, is gráin liom é nuair



Nuair atá mé ag súgradh, is breá liom é nuair



Seo a leanas na háiseanna súgartha ar bhreá liom iad a bheith agam agus ag gach leanbh eile :

Le do pháirtneir, déan Cairt Súgartha. Roinn bileog mhór in dhá leath leis na ceannuideil RIALACHA MAITHE SÚGARTHA agus ÁISEANNA MAITHE SÚGARTHA. Ag breathnú siar ar na méid a scríobh tú maidir le SÚGRADH ar an mbileog oibre, déan liosta do gach ceann. Go raibh maith agat!.





*Teaghlach agus Cúram*

# GNÍOMHAÍOCHT 5

## Scáthán Chaitlín





## Teaghlach agus Cúram

## Scáthán Chaitlín

Cuidíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí amharc ar chearta leanaí ó thaobh teaghlaigh agus cúraim de agus cuidíonn leo léargas a fháil ar eispéiris duine óig i gcúram cónaitheach. Is féidir cúram cónaitheach a chur ar fáil in ionad cónaitheach do leanaí atá cláraithe faoin Acht um Chúram Leanaí (1991), scoil nó áit chónaithe oiriúnach eile.

**Bunreacht, Airteagal 41 :**

Tá áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí.

**CNACL, Airteagail 7 agus 9:**

Tá sé de cheart ag leanaí a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a thabharfaidh aire dóibh.

**CUSPÓIRÍ:**

Cuidigh leis na leanaí:

- Iniúchadh a dhéanamh ar an gceart chun teaghlaigh agus cúraim atá ag leanaí;
- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir constaicí a bheith ann ionas nach mbíonn saol daingean teaghlaigh ag leanaí.

**BEIDH GÁ LE:**

- DVD Rian 9 – Scáthán Chaitlín
- Nó, mar rogha air sin, d'fhéadfaí téacs an chás-staidéir seo, ar leathanach 79 den rannóg 'Iniúchadh' sa lámhleabhar a léamh.

**FOCLÓIR**

**seans go mbeidh gá na nithe seo a leanas a mhíniú:**

- Cúram cónaitheach
- Údaráis Sláinte
- Codladh gan dídean
- Iarchúram
- Is gá míniú a thabhairt ar an difríocht idir dualgas a bheith ort i leith agus an chumhacht a bheith agat rud a dhéanamh, m.sh mar seo a leanas: *Ní chaithfidh mé a beith go deas le leanaí eile ach is féidir liom.*



**RÉAMHRÁ:**

- Cuir tús leis trí phlé a bheith ann maidir leis an difríocht idir teach agus teaghlach.
- Lorg samplaí ó na leanaí de chineálacha éagsúla tithe
- Fiafraigh díobh an bhfuil sé mar a chéile teach a bheith agat agus teaghlach a bheith agat?
- Tabhair am do na leanaí plé a bheith ann ina measc maidir leis an mbrí atá le teaghlach a bheith agat? (Níl aon sainmhíniú simplí air seo)
- Cad iad na fadhbanna ar ghá do theaghlaigh dul i ngleic leo, m.sh.. bochtaineacht, coireacht, bás? larr ar na taifeadóirí na dúshláin a d'ainmnigh na leanaí a nótáil ionas gur féidir leo iad a chur sa taispeántas ar an ábhar seo.
- Bí cúramach a bheith íogair nuair a luann tú altramas agus cúram cónaitheach. Pléigh an chaoi nach mbíonn teaghlach ann i gcónaí nó nach féidir le teaghlach i gcónaí aire a thabhairt do leanbh ar chúis amháin nó níos mó.

**FORBAIRT:***Scáthán Chaitlín*

Seinn Rian 9 den DVD nó léigh téacs an chás-staidéir.

Pléigh é leis na leanaí, ag cur ceisteanna mar seo a leanas:

- Cá fhad a chaith Caitlín i dTeach Dromore?
- Cad is Teach Dromore ann?
- Cén fáth a raibh Caitlín foréigineach uaireanta, dar leat?
- Cén chaoi ar chuidigh Molly le Caitlín?
- Cén breithlá atá ag Caitlín?
- Cén scrúdú a raibh sí ag staidéar dó?
- Cén fáth nach bhféadfadh sí díriú ar an staidéar?
- Cé hiaid na daoine atá mar theaghlach ag Caitlín anois?
- Céard a rinne an tOmbudsman do Leanaí do Chaitlín?

Bíodh dul siar gairid ann ar na dearcaí a mbíonn ar theaghlaigh dul i ngleic leo, mar a cuireadh i láthair sa ghníomhaíocht tosaigh. larr ar na taifeadóirí aon phointí breise a rinne na leanaí a bhreacadh síos.

**AR TAISPEÁINT:**

Cuir obair na leanaí ar an ábhar ar taispeáint.

**INIÚCHADH:**

Tá tuilleadh smaointe chun iniúchadh a dhéanamh ar an téama seo ar fáil sa rannóg 'Iniúchadh'.

*Sláinte, saibhreas agus folláine ábhartha*

# GNÍOMHAÍOCHT 6

## Mo Shláinte agus mo Chearta



Sláinte, saibhreas agus folláine ábhartha

# Mo Shláinte agus mo Chearta

Cuidíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí machnamh ar an tábhacht atá le sláinte agus breithniú a dhéanamh, trí shampla a gcirt féin chun cúraim sláinte, go bhfuil cearta leanaí idirthuilleamaíoch.

## CNACL Airteagail 24 agus 27:

Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fhearr a fháil, uisce óil sábháilte a fháil, bia cothaitheach a fháil, cónaí i dtimpeallacht ghlan shábháilte, agus eolas a fháil a chuideoidh lena bhfolláine.

## CUSPÓIRÍ:

Cuidiú le leanaí:

- Iníúchadh a dhéanamh ar thábhacht na sláinte;
- Breithniú a dhéanamh ar idirthuilleamhaíocht chearta éagsúla leanaí.

## BEIDH GÁ LE:

- Bileog gníomhaíochta 4
- Póstaer CNACL
- Páipéar tógála agus marcóirí do gach grúpa



**RÉAMHRÁ:***Saincheisteanna sláinte a chur i láthair*

Mínigh do na leanaí go bhfuil 40% de mhuintir an domhain nach bhfuil fáil acu ar uisce sábháilte agus ar shláintíocht (UNICEF) larr ar na leanaí plé gairid a dhéanamh ar

- gur crannchur é dáiríre cá saolaítear duine
- na bealaí éagsúla ina bhfuil uisce riachtanach don tsláinte
- cé a thugann aire dóibh nuair atá siad breoite?
- cé hiad na grúpaí leanaí is leochailí nuair atá siad breoite?

**FORBAIRT:***Mo Shláinte agus mo Chearta*

Iarr ar na leanaí na saincheisteanna a pléadh go dtí seo leat a thabhairt chun cuimhne, Guth, Oideachas, Teaghlach agus Cúram.

- Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair píosa mór cairtchláir do gach grúpa, chomh maith le pinn, siosúr agus cóip de bhileog gníomhaíochta 4. Iarr ar gach grúpa ciorcal mór a tharraingt ar an gcairtchlár agus an focal **SLÁINTE** scríofa sa lár. Iarr ar na leanaí na cearta CCL eile ó bhileog gníomhaíochta 4 a ghearradh amach agus a chur mórthimpeall an fhocail sa lár.
- Ba chóir do ghrúpaí, tar éis plé a

bheith ann, saigheada a tharraingt chuig na cearta eile a gceapann siad a dtéann drochshláinte i bhfeidhm orthu.

- Ba chóir dóibh cúis amháin nó níos mó nó samplaí a thaifeadadh, trí scríobh agus/nó léiriú ar mhaidí na saighead.
- Iarr ar na grúpaí an próiseas a aisiompú trí bhreathnú ar na cearta lasmuigh den roth agus a aithint cén tionchar a bheadh ag sláinte orthu. Anois iarr orthu saighead nua a chur isteach agus é ag pointeáil ó shláinte chuig gach ceart agus, feadh mhaide na saighde, focal/frása gairid a scríobh maidir leis an tionchar a bheadh ag easnamh ceart ar shláinte leanaí.

Ba chóir don phlé díriú ar an tábhacht lárnach a bhaineann le sláinte inár saol agus chomh maith leis sin an nasc atá idir na cearta uile.

**AR TAISPEÁINT:**

Cuidigh leis na leanaí taispeántas as a dhéanamh dá gcuid oibre .

**INIÚCHADH:**

Tá tuilleadh smaointe faoi iniúchadh a dhéanamh ar an téama seo le fáil sa rannóg 'Iniúchadh'.





# Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

**Is éard atá i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ná liosta de na cearta atá ag gach leanbh agus duine óg. Tá na cearta céanna ag gach leanbh agus tá sé de fhreagracht ar gach duine óg, duine fásta, agus an Stát, a chinntiú go n-urramaítear agus go gcosnaítear cearta leanaí.**

Tá na cearta seo a leanas ag gach leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois:

- an ceart chun na beatha; oideachas agus oiliúint a fháil, más tá gá acu leis;
- an ceart ainm agus náisiúntacht a bheith acu;
- an ceart cúram sláinte a fháil;
- an ceart go mbreithneodh daoine leas is fearr an linbh agus an duine óig nuair atá cinntí á ndéanamh acu maidir le leanaí agus daoine óga;
- an ceart dóthain bia agus uisce glan a fháil;
- an ceart a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a dhéanfaidh cúram díobh;
- an ceart saoroideachas a fháil;
- an ceart ionchur a bheith acu maidir le rudaí a théann i gcion orthu agus go n-éistfeadh daoine fásta leo agus nach ndéanfaidís beag is fiú de na tuairimí sin;
- an ceart a bheith ag súgrach agus sos a fháil;
- an ceart a dteanga féin a labhairt;
- an ceart smaointe a bheith acu agus a dtuairimí a chur in iúl;
- an ceart foghlaim faoina gcultúr féin agus taitneamh a bhaint as a gcultúr féin;
- an ceart lena gcreidimh a chleachtadh;
- an ceart nach n-úsáidfí iad mar oibrithe ar phá íseal;
- an ceart bualadh le leanaí eile;
- an ceart nach ngortófaí iad agus nach ndéanfaí faillí ina leith;
- an ceart an t-eolas atá uathu a fháil;
- an ceart nach n-úsáidfí iad mar shaighdiúirí i gcogaí;
- an ceart cúram speisialta,
- an ceart a bheith sábháilte agus cosaint a fháil ó dhainséar; agus
- an ceart a bheith in iúl ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí.



*Cuimsiú*

# GNÍOMHAÍOCHT 7

## Inniu Mo Lá



Cuimsiú

# Inniu Mo Lá

Cabhraíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar chearta leanaí leochaileacha trí shúile Mark, fear óg a bhfuil galar meathlúcháin air. Tá cur i láthair Mark ar a chás féin dírithe ar chumas in ionad an mhíchumais agus dínit in ionad trua.

Tá *Inniu Mo Lá* bunaithe ar fíor-chás a ndearna Oifig an Ombudsman do Leanaí imscrúdú air. Cothóidh an scannán plé ar raon leathan saincheistanna bainteach le dínit agus cearta leanaí, leanaí atá faoi mhíchumas san áireamh.

## CUSPÓIRÍ:

Déanfaidh na leanaí iniúchadh ar:

- nádúr agus iarmhairtí mhíchumais;
- dúshlán atá os comhair, agus dearcaí, leanaí agus daoine óga atá leochaileach.

## BEIDH GÁ LE

- DVD rian 10, *Inniu Mo Lá*
- nó, ina áit sin, téacs an chás-staidéir ar leathanach 84 sa Mhír Iniúchta den lámhleabhar seo
- Cóipeanna de bhileog gníomhaíochta 5

## Bunreacht, Airteagal 40:

Déileáiltear le gach saoránach, mar dhaoine daonna, go comhionann faoin dlí.

## CNACL

### Airteagal 2:

Tá na cearta céanna ag gach leanbh, is cuma cé hiad féin, cá bhfuil siad ina gcónaí, cén post atá ag a dtuismitheoirí, cén teanga atá acu, cén chreidimh atá acu, an buachaill nó cailín iad, cén cultúr atá acu, má tá siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil, má tá siad saibhir nó bocht. Níor chóir caitheamh go míchothrom le leanaí ar aon bhonn.

### Airteagal 3:

Ba chóir go mbeadh leas an linbh ina phríomh-bhreithniúchán i gcás gach cinnidh atá bainteach le leanaí.

### Airteagal 23:

Tá sé de cheart ag leanaí atá faoi mhíchumas oideachas agus cúram speisialta a fháil ionas gur féidir leo saol iomlán a chaitheamh.



**RÉAMHRÁ:**

- Cuir DVD rian 10, *Inniu Mo Lá*, i láthair. Iarr ar na leanaí éisteacht go han-chúramach lena bhfuil le rá ag Mark faoina shaol agus mínigh dóibh go mbeidh tú ag plé an scannáin leo ina dhiaidh. Mura bhfuil teacht agat ar sheinnteoir DVD, srl. chun an scannán a thaispeáint, féadann tú téacs *Inniu Mo Lá* a léamh amach.
- Seinn nó léigh amach *Inniu Mo Lá*.

**FORBAIRT:**

- Tosaigh plé leantach trí iarraidh ar na leanaí céard is ciall leis an teideal 'Inniu Mo Lá' - céard a thugann an teideal le fios faoi Mark agus leanaí eile i gcoitinne? Lean ar aghaidh trí iniúchadh a dhéanamh ar dhearcaí agus ráitis Mark, i.e. conas mar a léiríonn sé cé chomh cosúil le daoine óga eile is atá sé agus cé chomh dearfach is atá sé. Fiafraigh de na leanaí an bhfuil siad in ann cuimhneamh ar aon fhocail nó frásaí suntasacha uaidh. Liostaigh iad seo ar an gclár agus cabhraigh leis na leanaí iniúchadh a dhéanamh ar a gciall. Spreag na leanaí machnamh a dhéanamh ar a bhfreagairtí i gcás cur síos Mark air féin, ag cur béime ar an tslí a bhfuil sé socair ann féin.
- Iarr ar na leanaí grúpaí a dhéanamh agus tabhair cóip de bhileog gníomhaíochta 5 dóibh. Tabhair ceann de na heochairfhocail seo do gach grúpa agus iarr ar an ngrúpa iniúchadh a dhéanamh ar thréithe agus saol Mark ag baint úsáide as an eochairfhocal a tugadh dóibh: riachtanais, dínit, meas, normálta, dearfach, láidir, neamhspleách. Iarr ar gach grúpa an eochairfhocal a tugadh dóibh a úsáid mar theideal ar a mbileoga oibre agus nóta a dhéanamh de na príomhphointí atá cruthaithe acu faoi thréithe agus saol Mark ag úsáid a n-eochairfhocal.



- Cuir obair na leanaí ar taispeáint. Iarr ar na leanaí ansin athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre go léir agus a dtuairim fhoriomlán faoi Mark a chur in iúl. Cabhraigh leis na leanaí aontú faoi cheann de ráitis Mark le húsáid ar a dtaispeántais.

**GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH**

**Nóta do mhúinteoir:** Ba chóir do na leanaí an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Má tá sé indéanta, iarr ar na leanaí an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích mar ghníomhaíocht d'obair bhaile. (Cuireann Treoracha an Churaclam Tíreolaíochta (leath.136-140) eolas ar fáil chun tacú le hard-ullmhúchán léarscáileanna).

- Eagraigh na leanaí i mbeirteanna nó in ngrúpaí beaga.
- Iarr ar gach beirt/grúpa aontú faoi ócáid nó coinne áitiúil shamhailteach a rachadh siad chuige in éineacht le Mark (m.sh. coinne leis an dochtúir nó bearbóir, mórthaispeántas snámha nó cluiche peile).
- Ba chóir do dhuine amháin den bheirt/grúpa iarracht a dhéanamh gach céim den turas a fheiceáil trí shuíle Mark, leis na daoine eile sa ghrúpa ag tabhairt leideanna agus ag taifeadadh. Spreag na leanaí dea-chleachtas a aithint chomh maith le díothachtaí pleanála ar an turas.
- Nuair atá sé curtha i gcrích, ba chóir do na leanaí oibriú le chéile i mbeirteanna/i ngrúpaí beaga chun tuairisc rochtana ghairid a scríobh, ag tabhairt airde ar chonstaicí, fadhbanna agus dea-chleachtas chomh maith le moltaí a sholáthar.

**INIÚCHADH**

Tá tuilleadh smaointe chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus riachtanais Mark ar fáil sa rannóg 'Iniúchadh'.

## Inniu Mo Lá

AINM:

DÁTA:

EOCHAIRFHOCAL:







# GNÍOMHAÍOCHT 8

Mise, táim Slán?



# Mise, táim Slán?

Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar théama na bulaíochta agus na ról éagsúla atá ag daoine éagsúla, an garda pobail áitiúil san áireamh, chun a chinntiú go mbíonn leanaí sábháilte.

## Nóta do mhúinteoirí:

Léirigh taighde de chuid Choláiste Ollscoile, Corcaigh don OCO ar chonstaicí do leanaí atá ag lorg a gceart go bhfuil na leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí agus a bhíonn bainteach leis an gcóras ceartais choiriúil i measc na ngrúpaí éagsúla leanaí in Éirinn a bhfuil ilchonstaicí os a gcomhair maidir lena gcearta a chomhlíonadh. Ar an mbonn seo, bheartaíomar gníomhaíocht a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas leanaí sóisearacha aghaidh a thabhairt ar an téama 'leanaí agus an dlí' ar bhealach a bheadh in oiriúint dá n-aois, .i. trí fhéachaint ar obair na ngardaí ag leibhéal pobail.

## BEIDH GÁ LE:

- Cóipeanna de Bhileog Gníomhaíochta 6

## RÉAMHRÁ:

- Léigh amach tú féin, nó iarr ar na leanaí *Tá an Locht ar Fad Ormsa* a léamh.



## Tá an Locht ar Fad Ormsa

Is annamh a bhí John i dtrioblóid ar scoil, ach ní raibh sé sásta ann féin ach oiread. Cé nach ndearna bulaithe ar nós Dempsey agus O'Keefe cur isteach air mórán, ní raibh sé páirteach in aon ghrúpa agus níor iarradh air bheith páirteach i gcluichí go minic. Cheap siad go raibh fonn air bheith ina aonair, ach níorbh shin a bhí ann in aon chor. Ní raibh ann ach go raibh sé cúthaileach agus go raibh sé deacair air smaoineamh ar aon ní le rá, formhór an ama. Bhí sé in éad go mór le roinnt de na leanaí eile, ar nós Bernard, a raibh gnaoi an ranga air agus a bhí i gcónaí ag baint taitnimh as an saol.

Nuair a thrasnaigh sé Páirc an Stáisiúin chun an tsiopadóireacht a dhéanamh dá Mham, mar a rinne go minic, chonaic sé Bernard le triúir nó ceathrar buachaillí ón meánscoil a bhíodh ag síománaíocht in aice na sceiche móire sa chúinne. Ní raibh sé de mhisneach ag John a cheann a chlaonadh ina dtreo fiú agus bhí sé in éad leis an tslí a raibh Bernard in ann labhairt agus gáire go héasca leo. Lá amháin, fad is a bhí sé ag siúl thairis, chonaic sé duine acu a rith i ndiaidh Bernard, a bhí dearg san aghaidh, agus é ag caitheamh mallachtaí le droim Bernard. Thug sé faoi deara gur fhan Bernard i bhfad amach ón bpáirc ina dhiaidh sin. Bhraith John go maith faoi sin. Tá sé tuillte aige, cheap sé, toisc é a bheith ag ligean air gur laoch é.

Coicís ina dhiaidh sin agus é ar a bhealach chuig an siopa, scread duine de na buachaillí air, ag iarraidh air

teacht sall chucu. Bhí sé ag smaoineamh ar rith uathu, ach cheap sé nach raibh sé tapa go leor éalú uathu. Shiúl sé ina dtreo go neirbhíseach. D'fhéach na buachaillí air ó éadan go cos ach níor labhair siad. Chuimhnigh sé ar an eachtra le Bernard, tháinig eagla mór air agus dúirt sé, "Caithfidh mé brostu abhaile leis an tsiopadóireacht nó beidh mo Mham amuigh ar mo thóir." Rinne siad smiotgháire agus lean siad orthu ag féachaint air. Go tobann, thug an leaid is mó díobh nóta cúig euro dó agus dúirt sé "Ceannaigh Coke dom, fad is atá tú thall." Rith John leis go sásta. Ar a shlí ar ais, thug sé an canna don bhuachaill. Bhí siad go léir i bhfad níos cairdiúla. Thug duine de na buachaillí bosóg dó. "Maith thú, 'leaidín!" a gháir sé. Rinne John iarracht an tsóinseáil a thabhairt ar ais do ach níor ghlac sé leis. "Gura...míle", an freagra a bhí aige. D'iarr siad a ainm air agus cárbh as dó. D'fhreagair John agus, is é ag éirí níos misniúla, bhain sé geit as féin trí bheith ag caint is ag gáire leo. Bhí sé ar muin na muice agus é ag dul abhaile agus bhí an dea-spiorad chomh soiléir sin uaidh gur iarr a mháthair air an raibh aon ní mícheart. Don chuid eile den tseachtain, chuaigh sé sall chucu go minic ar a thurais chuig an siopa agus bhain sé ard-taitneamh as a bheith ag gáire leo, cé nár thuig sé na jócanna go minic. Bhraith sé go raibh sé go raibh sé ar leibhéal níos airde ná a pháirtithe ranga, a bhí an-pháistiúil i gcomparáid lena chairde nua. Bhraith sé gur bhall ceart den ghrúpa é nuair a d'ofráil duine acu toitín do. Níor thaitin coincheap an

chaithimh leis, ach bhí a fhios aige nach bhféadfadh sé diúltú. Rinne sé iarracht cuma fhásta a chur air féin agus é ag caitheamh leis, cé go raibh air ligean air nach raibh tinneas cinn ag teacht air, agus chonaic sé an duine tanaí díobh, Don, a bhí ag déanamh dradgháire leis.

An Luan dár gcionn, rith sé sall chucu ar a bhealach chuig an siopa. Bhí siad ag comhrá go dáiríre le chéile, is níor thug siad aird air i dtosach. Stop na guthanna, Ansin, gan casadh timpeall, dúirt an leaid mór, Roy, “Faigh Coke dom”. Bhí John ag feitheamh le hairgead ach níor tugadh aon chuid dó. “Tuige an mhoill seo?” a dúirt Roy go géar. “An t-airgead le haghaidh an coke, led’ thoil?” a d’fhreagair John go faiteach. D’ardaigh Roy a dhorn is bhéic “Tá mo chuidse aigid agat. Níor thug tú aon sóinseáil dom an Luan seo caite.” “Ach, ach...” a thosaigh John. Thosaigh an buachaill ag stánadh go géar air. “An ndúirt mé leat go raibh tú in ann é a choinneáil? An ndúirt? An ndúirt? a scréach sé. Bhraith John seile ag spraeáil ar a aghaidh. Thosaigh John ag gol. “Imigh leat, ANOIS” a scread Roy. Chúlaigh John agus ar aghaidh leis chuig an siopa, na deora ag silleadh leis. Ag úsáid airgead a mháthar, cheannaigh sé coke agus thug sé chucu é. Sciob Roy óna lámh é agus dúirt sé leis fágáil go beo ach, fad is a bhí sé ag fágáil, rug Don greim láimhe ar a T-léine. “Hé a shaoithín”, a gháir sé, dradgháire cruálach ar a aghaidh. “Beidh coke agamsa chomh maith.” Thosaigh John ag croitheadh a chinn ach stop sé de

gheit nuair a dúirt Don, go fonóideach “An bhfuil a fhios ag do mháthair go gcaitheann tú tobac?” Ar ais arís chuig an siopa le John, é ciaptha, agus cheannaigh sé coke eile as airgead a mháthar. Níor inis sé bréag riamh dá mháthair ach anois bheadh air ligean air gur chaill sé an t-airgead. Bhí a chroí cráite acu.

Nuair a tháinig sé ar ais leis an coke, bhí na buachaillí ag cogar lena chéile, agus bhí air fanacht tréimhse mhaith ama. Bhí sé ró-scanraithe an canna a fhágáil agus imeacht. Thóg Don uaidh é faoi dheireadh gan féachaint ina threo fiú. Thosaigh John ar a thuras abhaile go tromchroíoch. I bhfad uaidh, chuala sé feadaíl uaigneach traenach ag teacht ina threo. Díreach nuair a shroich sé imeall na páirce, ag gealladh nach bhfillfeadh sé riamh ar an bpáirc, chuala sé glór olc Roy ag teacht chuige. “Go dtí amárach, mar sin.” Ach níorbh leor sin, agus go bagrach dúirt sé “Tá a fhios agam cá bhfuil do theachsa.”

Nuair a d’fhill sé ar an teach, chuaigh sé suas chuig a sheomra go ciúin, dhún sé an doras is chuir sé a éadan ar a philiúr is é ag gol. Rud amháin a bhí ar eolas aige: ní fhéadfadh sé an scéal a insint d’éinne. Chaith sé an lá dár gcionn ar scoil le heagla a chroí air roimh na buachaillí, agus ní raibh sé in ann díriú. Shiúil sé go mall chuig a sheomra i ndiaidh scoile, ag rá de chogar go raibh a bholg as eagar.

Go luath ina dhiaidh sin, chuala sé guth

a mháthar agus í ag glaoch arís agus arís eile air. Cé nach raibh fonn air aghaidh a thabhairt ar an saol, chuaigh sé síos staighre go mall agus isteach leis sa chistin. Baineadh geit as nuair a chonaic sé Garda faoi éide ag suí ag an mbord. “Dia duit, John!” a dúirt an Garda. “Is mise an Garda Seán O Farrell. An bhfuil gach rud ceart go leor?” Bhí ionadh an domhain ar John. I ndiaidh cúpla soicind, lean an Garda air “An fáth a bhfuilim ag iarraidh ort ná gur inis beirt dhéagóirí ón meánscoil dúinn go bhfaca siad eachtra bulaíochta inné. Dúirt siad go bhfaca siad leaid óg agus buachaillí níos sine ná é ag déanamh bulaíochta air i bPáirc an Stáisiúin. Thug siad cur síos maith dúinn den cheathrar agus nuair a thugamar cuairt ar na scoileanna ar maidin, níor thóg sé i bhfad orainn tusa agus na buachaillí eile a aithint. Táim tar éis an scéal mar a thuigimse é a mhíniú do do mháthair, ach tuige nach ndéarfá féin linn?”

Labhair máthair John faoi dheireadh: “Cén fáth nár inis tú dom faoi, John? Cén fáth nár inis tú domsa, do mháthair féin é?” Shlog John an cnap a bhí ina scornach. Ní raibh sé in ann féachaint uirthi sna súile, agus sheas sé ansin go neirbhíseach, féachaint na beirte air ina mheáchan trom ar a spiorad. Faoi dheireadh, bhí sé de mhisneach aige tosú agus dúirt sé “Bhí an locht ar fad ormsa...” Mhéadaigh a chuid cainte i luas agus sciorr an scéal uaidh ansin, focal i ndiaidh focail “... agus an rud is measa faoi ná gur lig mé orm gur chaill mé an t-airgead.... ghoid mé airgead uait, ‘Mham agus d’inis bréag duit.” Tháinig taom faoisimh ar John nuair a bhí deireadh ráite lena scéal.

“Ná bí buartha faoi na buachaillí sin a thuilleadh. Ní chuirfidh siad isteach ort arís,” arsa an Garda. Fad is a bhí sé sa halla, ag druidim i dtreo an dorais, chas sé timpeall is dúirt sé. “Agus John! ... Níorbh ortsa an locht!”

Nuair a bhí an Garda imithe, thug a mháthair barróg mhór dó. “Déan dearmad ar an airgead. Níl sé tábhachtach. An t-aon rud atá tábhachtach ná go bhfuil tusa slán.”

Trí lá ina dhiaidh sin, d’fhreagair sé cnag ar an ndoras agus baineadh geit mhór as nuair a chonaic sé Don ina sheasamh ansin. Tháinig a mháthair amach ag iarraidh ciall a bhaint as an suíomh. Thosaigh sí ag stánadh ar Don, fearg shoiléir uathí. D’ardaigh Don a lámha agus dúirt sé, “Tháinig mé anseo chun mo leithscéal a ghabháil leat. Tá a fhios agam go raibh eagla ort, John. Bhí mé ag iarraidh a thaispeáint gurbh boc mór mé agus bhí eagla orm a rá leis na buachaillí eile nár thaitin a bhí ar siúl againn liom. Cheap mé go ndéanfadh siad gáire fúm nó níos measa fós, ach thuig mé an scéal i gceart nuair a tháinig an Garda O’Farrell chugam ar scoil. Tá a fhios agam go ndearna mé éagóir mór ort agus tá an-bhrón go deo orm.” D’fhreagair máthair John é, “Ní ligfidh mé orm nach bhfuil fearg orm, ach táim buíoch go raibh sé de mhisneach agat teacht anseo chun do leithscéal a ghabháil. Is dócha go bhfuil tú tar éis ceacht maith a mhúineadh do John.” Chroith Don lámh chuig John agus bhí miongháire ar a aghaidh nuair a dhún sé an geata ina dhiaidh.



### FORBAIRT:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 6 a chomhlánú nó pléigh an scéal leis na leanaí agus iarr orthu freagairtí a thabhairt ar cheisteanna ar nós:

- Cén fáth nach raibh John sásta ag tús an scéil?
- Cén fáth ar chuir sé seo i mbaol bulaíochta é?
- Tugann an scéal rud amháin le fios a dhéanann bulaithe a n-íospartaigh a chosc air. Céard é féin?
- Céard a rinne an grúpa déagóirí chun ionramháil a dhéanamh ar John le nach ndéarfadh sé an scéal le daoine fásta?
- An gceapann tú go léiríonn an scéal seo gur 'tríoblóid' iad déagóirí?
- Cén 'ceacht maith' atá i gceist ag máthair John?
- Céard é dearcadh John i leith Bernard anois, dar leat?
- Céard a cheapann tú is príomhtheachtaireacht an scéil ann?

Lean ort trí chabhrú leis na leanaí machnamh a dhéanamh ar:

- an éifeacht a bhí ag idirghabháil an Gharda Áitiúil ar shaol na ndaoine sa scéal;
- na ról a d'fhéadfadh a bheith ag daoine fásta i gcúinsí dá leithéid;
- na céimeanna a d'fhéadfadh leanbh atá ag fulaingt bulaíochta a thógáil.

### GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1

Tabhair deis do na leanaí an díospóireacht a cothaíodh sa ghníomhaíocht forbartha seo a thaifeadadh nó a fhorbairt – mar shampla, trí obair ealaíne, stiallghreannáin, amhráin (m.sh. rapcheol a léireodh na dearcaí/meonta éagsúla) nó cairteacha eolais.

&/or

Cabhraigh leis na leanaí:

- Dul i dteagmháil leis an stáisiún Gardaí áitiúil nó Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána (sonraí ar fáil ar [www.garda.ie/Controller.aspx?Page=1663](http://www.garda.ie/Controller.aspx?Page=1663)) chun cuairt ó gharda a thiocfadh isteach chun cainte leo a eagrú;
- Aontaigh faoi cheisteanna le hiarraidh ar an ngarda don uair atá sé/sí ag teacht.

### INIÚCHADH

Féadfar teacht ar smaointe breise do na saincheisteanna clúdaithe sa ghníomhaíochta seo sa rannóg 'Iniúchadh'.

## Mise, Táim Slán?

1. Cén fáth nach raibh John sona?

---

2. Conas mar a rinne seo leochaileach é in aghaidh na bulaíochta?

---

3. Tugtar le fios go bhfuil rud amháin a chuireann bulaithe cosc ar íospartaigh a dhéanamh. Céard é féin?

---

4. Céard a rinne an dream a bhí níos sine ná é ar John chun cosc a chur air labhairt le daoine fásta faoin suíomh?

---

5. An gceapann tú go léiríonn an scéal nach bhfuil i ndéagóirí ach 'tríoblóid'? Mínigh do fhreagra.

---

6. Cén 'ceacht maith' atá i gceist ag máthair John?

---

7. Céard é dearcadh John i leith Bernard anois, dar leat?

---

8. Céard é príomh-theactaireacht an scéil, dar leat?

---

9. Tabhair 3 tionchar a bhí ag idirghabháil an Gharda Pobail ar shaolta na ndaoine sa scéal.

---

---

10. Tabhair 3 ghníomhaíocht a d'fhéadfadh leanbh a bhfuil bulaíocht á imirt air/uirthi a dhéanamh.

---

---

Scríobh síos uimhir stáisiún áitiúil na ngardaí agat agus stóráil ar do ghután póca é:

---



*Ballóid ar Shaincheisteanna Leanaí*

# GNÍOMHAÍOCHT 9

*Do Ghuth,  
Do Vóta*



## Ballóid ar Shaincheisteanna Leanaí

# Do Ghuth, Do Vóta

### EOLAS CÚLRA

Ghlac beagnach 75,000 leanbh agus níos mó ná 560 scoil agus ionad ar fud na tíre páirt sa tionscadal “an Bhallóid Mhór” a reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2007. Chuir aiseolas, a fuarthas ó leanaí, múinteoirí agus príomhoidí, in iúl gur thug an Bhallóid Mhór deis do leanaí tuilleadh a fhoghlaim faoina gcearta; tuairimí a chur le chéile agus a nochtadh; agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach trí vótaí a chaitheamh ar cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí. Dúirt múinteoirí linn chomh maith go raibh leanaí gafa le, agus díograiseach mar gheall ar a bheith páirteach i mballóid agus vótaí a chaiteamh. Cuireann an ghníomhaíocht dheireanach leis an aiseolas nuair a thugtar moltaí d’fhonn ballóid a reáchtáil maidir le cearta leanaí.

### AR CHÓIR DOM AN BHALLÓID A THÓGÁIL IN AON RANG AMHÁIN NÓ AR FUD NA SCOILE?

Cinnte, is féidir an bhallóid a thógáil in aon rang amháin. Ach, tuigtear go bhfeabhsaítear an leibhéal suime agus taitnimh, agus an t-eispéireas foghlama go mór nuair a thógtar an bhallóid ar fud na scoile. Más mhaith leat an bhallóid a thógáil ar fud na scoile, moltar duit agus do do chomhghleacaithe freagracht as an mballóid a reáchtáil a thabhairt do leanaí an 6ú rang. Cé acu an dtógann tú an bhallóid leis na leanaí i do rang amháin, nó an dtógann tú an bhallóid ar fud na scoile, beidh an ghníomhaíocht níos spráúla agus níos fiúntaí mar thaithí saoránachta má leagtar róil agus freagrachtaí ar na leanaí i rith an phróisis.



## CÉ NA CEISTEANNA BA CHÓIR A CHUR SA BHALLÓID?

Nuair a thugtar deis do leanaí páirt a ghlacadh i mballóid atá dírithe ar na ceisteanna a phléigh siad i ngníomhartha eile an leabhair seo, beidh na leanaí in ann machnamh a dhéanamh ar thábhacht cinntí agus roghanna eolasacha. Is féidir deis a thabhairt do leanaí, áfach, ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leo, mar shampla, ina gceantar áitiúil, a shainaithint, a chur in iúl i bhfocail agus ansin vótá a chaitheamh ina leith.

## AISEOLAS CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

Beimid an-sásta anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí aon aiseolas a fháil ó na leanaí faoi na ceisteanna ar chaith siad vóta orthu agus cén fáth a gceapann siad go bhfuil ceist nó dhó chomh tábhachtach sin. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag:

**oco@oco.ie**

nó litir a sheoladh chugainn ag:

**Torthaí ár mBallóide**

**Oifig an Ombudsman do Leanaí, An Chéad Urlár, Teach na Mílaoise 52-56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1.**

D'fhéadfadh na leanaí torthaí a mballóide a roinnt ag brath ar conas a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo - mar shampla, le príomhoide agus bord bainistíochta na scoile; le comhairleoirí contae áitiúla agus teachtaí dála; nó le soláthraithe seirbhíse áitiúla agus le heagraíochtaí pobail.

## NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ MAIDIR LE HÉASCÚ NA GNÍOMHAÍOCHTA SEO:

Cibé cén tslí a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo, beidh ort na céimeanna thíos a thabhairt faoi deara chun:

- aoiseanna agus cumas na leanaí a chur san áireamh;
- an rang lena bhfuil tú ag obair a chur san áireamh;
- cinneadh a dhéanamh maidir le ballóid a thógáil in aon rang amháin nó ar fud na scoile;
- cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna a bheidh ar an mballóid; an mbainfidh siad leis na ceisteanna sa leabhar seo nó le ceisteanna a roghnaíonn na leanaí?

Má mhúineann tú naónáin shóisearacha nó shinsearacha agus tá do bhallóid dírithe ar cheisteanna a leanann ó na ceisteanna sa chúrsa seo, ba chóir duit na ceisteanna sna scéalta a chur i gcuimhne do na leanaí. I dtaca leis an vótáil, b'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas vótaíochta eile a réadtiomnú a bheadh níos éasca do leanaí ag an aois seo a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfá dath éagsúil a shannadh do gach ceist agus iarr ar na leanaí bloic, páipéar, nó ábhair eile daite atá ar fáil duit a úsáid d'fhonn a rogha a chur in iúl.

**CUSPÓIRÍ:**

Beidh leanaí in ann:

- a dtuiscint ar an bpróiseas daonlathach a fhorbairt;
- ceisteanna a bhaineann leo a aithint agus a chur in ord tosaíochta;
- beart dearfach a dhéanamh maidir leis an gceist a roghnaíodh (roghnach).

**CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:**

- Páipéar ballóide a dhearadh agus cóipeanna a dhéanamh de, srl. chun an bhallóid a éascú (tá teimpléid curtha ar fáil sa leabhar seo).

**GNÍOMHAÍOCHT****1. Ag ullmhú don Bhallóid**

*Gach rang:*

- Tabhair cúnamh do na leanaí súil siar a chaitheamh ar na ceisteanna a chuir siad faoi chaibidil i ngníomhartha an leabhair seo. Mura bhfuil tú ag úsáid na gceisteanna sa leabhar seo mar bhunús do bhallóide, tabhair tacaíocht do na leanaí cúig cheist a bhaineann leo a shainaithint, mar shampla, a scoil nó a bpobal áitiúil.
- Sula ndéanfar an bhallóid, cuir na leanaí i ngrúpaí, grúpa do gach ceist ar an mballóid. Iarr ar gach grúpa cur i láthair gairid a dhéanamh maidir lena gceist d'fhonn í a chur ina luí ar na leanaí eile. D'fhéadfadh gach grúpa obair ealaíne a bhaineann leis an gceist a chur ar taispeáint agus/nó póstaer feachtais a dhearadh agus a chur ar taispeáint.
- Fógair an bhallóid agus na ceisteanna a roghnaíodh.
- Feabhsaigh feasacht ar nósanna imeachta na ballóide i measc na leanaí (i.e. cén fáth a bhfuil an bhallóid faoi rún, conas an páipéar ballóide a líonadh isteach) agus, tábhacht na dtoghchán inár sochaí i gcoitinne, srl.

*Le haghaidh an ranga/an ghrúpa atá ag reáchtáil na ballóide:*

- Caithfear an rang nó an grúpa, atá ag reáchtáil agus ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas, a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta agus ról lárnacha cosúil leis an gCeann Comhairimh, áiritheoirí, gardaí slándála le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí, agus breathnóirí. Chomh maith leis sin, is féidir le leanaí cártaí eisiúna a dhéanamh agus iad a chur ar taispeánt in aice leis na boscaí vótaíochta; obair ealaíne/póstaeir a bhaineann le gach ceist a bhailiú ó na ranganna eile agus iad a chur ar taispeánt; agus páipéar ballóide a dhearadh/a ullmhú.
- Má tá tú ag obair in éineacht leis an ngrúpa reáchtála:
  - Tabhair cúnamh dóibh Ceann Comhairimh a roghnú;
  - Roinn an seicliosta ar bhileog ghníomhaíochta 6;
  - Tabhair tacaíocht do na leanaí chun daoine a roghnú le haghaidh gach ról (ba chóir go mbeadh beirt chúntóirí ag an gCeann Comhairimh ar a laghad);
  - Tabhair cúnamh do na leanaí liosta dualgas a leagan amach agus a chur ar taispeánt.

## 2. An Bhallóid a Thógáil

- Beidh sé de dhualgas ar an gCeann Comhairimh maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta.
- Tóg an vótáil sa halla tionóil. Más féidir, bheadh na leanaí níos sine in ann na leanaí níos óige a thabhairt chuig agus ón halla vótála agus maoirseacht a dhéanamh ar an vótáil ag an am céanna.
- I ndiaidh na ballóide, ba chóir go mbeadh an Ceann Comhairimh in ann na torthaí a chur in iúl do gach duine.

## 3. Roghanna le haghaidh gníomhaíochtaí a leanann ón mballóid

Mol do na leanaí torthaí na ballóide a thabhairt abhaile leo. D'fhéadfá cúnamh a thabhairt do leanaí:

- Chun obair le chéile ar bheart dearfach maidir leis an gceist a bhuaigh an vótáil.

### and/or

- Chun ríomhphost nó litir a sheoladh chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi thorthaí na ballóide, tuairimí na leanaí ar na torthaí seo agus, má tá bainteach, aon bheart a thóg siad i dtaca leis an gceist a bhuaigh an vótáil;

### and/or

- Cairt taispeántais a dhéanamh chun torthaí an ranga/na scoile a thaispeánt.

# Bhur mBallóid a Reáchtáil

## Seicliosta na bPost

**Ainm an chinn chomhairimh:** .....

Is é post an chinn chomhairimh: .....

.....

**Ainmneacha chúntóirí an chinn chomhairimh:** .....

Is é post na gcúntóirí: .....

.....

**Ainmneacha na ngardaí slándála (le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí):** .....

Is é post na ngardaí slándála: .....

.....

**Ainmneacha na mbreathnóirí:** .....

Is é post na mbreathnóirí: .....

.....

**Ainmneacha áiritheoirí an chomhairimh:** .....

Is é post áiritheoirí an chomhairimh: .....

.....

**Ainmneacha chláráitheoirí na vótaí:** .....

Is é post chláráitheoirí na vótaí: .....

.....

# Páipéar Ballóide Samplach

**Roghnaigh an cheist is tábhachtaí dar leat.**

Cuir tic in aon bhosca amháin.

☐ *Ceist:* \_\_\_\_\_

☐ *Ceist:* \_\_\_\_\_

☐ *Ceist:* \_\_\_\_\_

☐ *Ceist:* \_\_\_\_\_

☐ *Ceist:* \_\_\_\_\_

**Fill agus cuir isteach sa bhosca ballóide.**

Go raibh maith agat!



# Leathán Comhairimh Samplach

**Ainm na scoile:** .....

**Seoladh na scoile:** .....

## Torthaí na Ballóide

Cuir isteach líon na vótaí a caitheadh i ndáil le gach ceist:

*Ceist:* .....

*Ceist:* .....

*Ceist:* .....

*Ceist:* .....

*Ceist:* .....

**Stampa na Scoile:**

**Ainm an Chinn Chomhairimh:** (bloclitreacha):

.....

**Síniú an Chinn Chomhairimh:** .....



# Iniúchadh

# Mír Iniúchta

## NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is é atá i gceist leis an Rannóg 'Iniúchadh' ná iniúchadh breise a dhéanamh ar an ábhar a cuireadh i láthair sna príomhghníomhaíochtaí, chomh maith le leagan téacs de na scéalta ar an DVD a ghabhann leis na ceachtanna a chur ar fáil. Is fócas foghlama i gcónaí é an tsaoránacht. Is gníomhaíochtaí traschuraclaim iad a thugann an deis do na leanaí cur lena scileanna smaointeoireachta ag a ráta foghlama féin. Leagtar béim ar leith tríd síos ar dhearcaí agus ar luachanna a fhorbairt atá i gcomhréir le prionsabail na gcearta daonna agus na saoránachta daonlathaí

Gníomhaíochtaí a mholtar faoi na trí cheannteideal

- **Gníomhaíochtaí Breise**, a áiríonn pleananna gníomhaíochta agus bileoga gníomhaíochta.
- **Smaointe breise**, ar féidir iad a chur i bhfeidhm gan gá le hacmhainní breise
- **Na téamaí a fhorbairt**, a mholann acmhainní ar fáil go héasca ar líne nó acmhainní áirithe sa lámhleabhar seo.

## Cuir aithne ar an Ombudsman do Leanaí



### Gníomhaíocht Leantach 1

#### (Teangacha)

Iarr ar na leanaí an Teachtaireacht ó Emily a léamh, na ceisteanna ar an mbileog gníomhaíochta a chur i gcrích agus an tasc a dhéanamh ag deireadh na bileoige ar bhonn aonair nó i ngrúpaí.

### Gníomhaíocht Leantach 2

#### (Teangacha)

Bhí ról tábhachtach ag daoine óga i bpróiseas earcaíochta mar ar ceapadh an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn. Mar chuid den ról sin chuir siad agallamh ar iarrthóirí don phost. Ag cur i gcuimhne do na leanaí go raibh páirt ag daoine óga in earcú an Ombudsman do Leanaí, cuidigh leo plé a dhéanamh ar an ionchur is cóir do leanaí a bheith acu, más ann dó, i gceapadh múinteoirí agus príomhoidí. Cuidigh leis na leanaí cúiseanna a thabhairt lena ndearcaí agus breac síos a ndearcaí. Ansin cuidigh leis na leanaí measúnú a dhéanamh ar cibé acu an léiríonn na dearcaí seo, tacaíocht iomlán nó a mhalairt do leanaí ról a bheith acu sa chinnteoireacht seo.

### Smaoineamh Breise

#### (Drámaíocht)

Faigh cúpla dalta ón rang atá toilteanach feidhmiú mar dhuine de na leanaí a chuir agallamh ar Emily. Déan bréag-agallamh a reáchtáil sa rang. Tabhair am do na foirne ceisteanna a chur le chéile agus ról an agallóra a ghlacadh. Tabhair caint fhaisnéiseach do na hiarrthóirí maidir leis an bpost agus na riachtanais a bhainfeadh leis. Mar riail bhunúsach, ní féidir le hagallóir a t(h)uairimí a chur in iúl maidir leis an iarrthóir ná tagairt dá sonraí pearsanta nó sonraí teaghlaigh.

### An Téama a Fhorbairt

#### (Teangacha)

*Suíomh gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí:* Iarr ar na leanaí aitheasc iomlán Emily a léamh, atá ar fáil ar an suíomh gréasáin, agus brabhsáil tríd an suíomh ina iomláine. Seans gur mhaith leo léirmheas a scríobh ar cheann de na rannóga ar an suíomh gréasáin.

**[www.oco.ie](http://www.oco.ie)**

*Me, You, Everyone*, (Amnesty International, Éire, et al), Caibidil 9 – ina bhfuil gníomhaíochtaí chun téamaí an cheachta seo a fhorbairt



## Cuir Aithne ar an Ombudsman do Leanaí

A bhuachaillí agus a chailíní,

Emily Logan is ainm domsa agus tá mise ar an gcéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn.

Is é a chiallaíonn sé seo ná go n-oibrím do na leanaí agus na daoine óga uile faoi bhun a 18 atá ina gcónaí in Éirinn agus an dualgas atá orm ná a chinntiú go ndéanann an rialtas agus daoine eile a dhéanann cinntí faoi dhaoine óga machnamh domhain ar an rud is fearr do dhaoine óga. Té sé ina chuid iontach tábhachtach de mo phost éisteacht le tuairimí agus smaointe daoine óga mar go gcuidíonn seo liom a chinntiú go bhfuilim ag obair ar nithe atá tábhachtach do leanaí agus daoine óga.

Sula ndearnadh Ombudsman do Leanaí díom, fuair mé oiliúint mar altra leanaí in Ospidéal Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1982. D'oibrigh mé ina dhiaidh sin i Londain. Bhuaill mé le chuid mhór leanaí a raibh taithí acu ar rudaí nach raibh fiú amháin cloiste agam fúthu. Bhí roinnt leanaí iontach tinn agus fuair roinnt de na leanaí ar bhuail mé leo bás, bhí leanaí eile ann nach raibh cúram ceart á thabhairt dóibh sa bhaile agus bhí roinnt leanaí eile iontach bocht. Chuir na héagóracha seo fearg orm agus ansin fuair mé amach go bhféadfainn difríocht a dhéanamh.

D'fhoghlaim mé cuid mhór faoin gcaoi ar féidir le daoine óga a bheith láidir, faoin gcaoi ar féidir leo cinntí deacra a dhéanamh ag aois an-óg, agus an chaoi a dtagann an teaghlach le chéile in am an ghátair.

D'fhill mé ar Éirinn i 1997 agus d'oibrigh mé mar Stiúrthóir Altranais i mBaile Átha Cliath.

I mí na Samhna 2003 fógraíodh an post mar Ombudsman do Leanaí. Ní fhéadfainn



ach smaoineamh ar an bpost agus gur theastaigh an post go mór uaim. Nuair a chuir 15 duine óg agallamh orm, theastaigh an post uaim fiú níos mó - post idéalach domsa; thabharfadh sé seans dom difríocht a dhéanamh.

Mar Ombudsman do Leanaí, tugtar roinnt mhaith cumhachta dom a chuireann ar mo chumas a fheiceáil cé acu an bhfuil leanaí agus daoine óga ag fáil chothrom na féinne nó nach bhfuil, agus mura bhfuil, ceisteanna a chur ar an rialtas agus ar dhaoine a dhéanann cinntí. Chun seo a dhéanamh ní foláir dom éisteacht le leanaí agus daoine óga agus tá a gcúnamh díreach ag teastáil uaim chuige seo.

Tá an t-ádh ormsa a bheith i mo Ombudsman do Leanaí. Tá mé fíordháiríre faoi mo phost. Uaireanta bíonn sé deacair – tá saol crua ag cuid mhór leanaí agus is cúis bhróin é sin. Tá gnéithe eile de mo phost nach bhfuil deacair ar chor ar bith – Is breá liom go mbíonn an deis agam casadh le leanaí agus le daoine óga. Tugann sé seo an-fhuinneamh dom, mar go bhfuil siad chomh hionraic agus go dteastaíonn uathu go ndéanfaidh mé jab maith.

*Emily Logan*

AINM:

DÁTA:

Cé hí an tOmbudsman do Leanaí?

---

Cad is cuspóir lena post?

---

Céard iad na nithe a gceapann sí atá tábhachtach?

---

Bain úsáid as focal amháin, agus déan cur síos ar rud éigin a gceapann Emily atá tábhachtach go ndéanfadh daoine fásta nuair atá cinntí á nglacadh acu i leith leanaí?

---

Déan liosta de roinnt de na héagóracha a chuir fearg ar Emily.

---

Cén fáth a raibh spéis chomh mór ag Emily sa phost mar Ombudsman do Leanaí?

---

Cén fáth a bhfuil post Emily dian?

---

Céard atá éasca do Emily?

---

Céard a thugann an-fhuinneamh di?

---

## TASCANNA - Le do thoil:

Dear scéalphictiúr de Emily ón eolas sa sliocht a léigh tú &/nó téigh ar líne agus léigh teachtaireacht iomlán Emily ar shuíomh gréasáin an OCO, **www.oco.ie**



Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: \_\_\_\_\_

## An Ceart go nÉistfí Leat

### Gníomhaíocht Leantach 1

#### (Teangacha)

Tosaigh le plé ginearálta ranga faoin gcaoi a n-éisteann leanaí ina dteaghlach agus a n-éisteann a dteaghlach leo. Ansin bíodh díospóireacht ann chun éascú a dhéanamh ar phlé na leanaí ar cheann de na ceisteanna seo a leanas:

- Cén chaoi is fearr agus is féidir leat, i do thuairim, cur le cinntí an teaghlaigh?
- Cé chomh tábhachtach is atá do theaghlach i gcuidiú leat cinntí deacra a dhéanamh? An féidir leat sampla a thabhairt?

### Smaoineamh Breise 1

#### (Drámaíocht)

Bainfidh na leanaí triail as cúpla guth éagsúil agus as straitéisí éagsúla i raon suímh sa saol mar shampla siopadóireacht, súgradh, córas iompair a úsáid, freastal ar an ospidéal, ag déileáil le bulaithe. Ba chóir dóibh raon straitéisí a úsáid chun go n-éistfí lena dtuairimí, tacaí san áireamh mar chomharthaí, póstaer, obair ealaíne, éadaí agus drámaíocht etc.

### Smaoineamh Breise 2

#### (Teangacha)

Cuidigh leis na leanaí liosta a scríobh de na bealaí ar féidir le leanaí a chinntiú go n-éistear lena nguth ar scoil, idir labhairt le múinteoirí, obair thionscadail a chur ar taispeáint, pháirt a ghlacadh i gcairt ranga a dhréachtú is bheith ar chomhairle na scoileil.

### Smaoineamh Breise 3

#### (Teangacha, OSSP)

Déan tobsmaointeoireacht ar shamplaí áit nach bhfuil meas iomlán ar chearta leanaí in Éirinn. Cuidigh leis na leanaí cuardach sna meáin chun samplaí a fháil áit a sáraítear na cearta sin agus cuir ceannlínte agus grianghraif ar taispeáint i gcolláis. Ba chóir go n-áireodh a gcolláis dearcaí na leanaí agus tuairimí faoina bhfuair siad amach.

### Smaoineamh Breise 4

#### (Teangacha, OSSP)

Cuidigh leis na leanaí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le leanaí agus daoine óga a chinntiú go n-éistear lena bhfuil le rá acu trí Chomhairle na nÓg agus Dáil na nÓg at <http://www.dailnanog.ie>





## An Téama a fhorbairt

### NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá gníomhaíochtaí idirghníomhacha comhoibritheacha faoi chearta leanaí, ar fáil in:

- Amnesty International, et al: *Me, You, Everyone*
- Irish Aid : *Our World, Our Future*

Déantar an téama 'gan guth a bheith agat' a fhorbairt i *Me, you, Everyone*, Aonad 4, *Responsibility*.

### Cearta agus freagrachtaí a chomhaontú

le daoine eile sa rang – seo ceacht praiticiúil do leanaí maidir lena nguth a úsáid. Tá gníomhaíochtaí ar an téama seo ar fáil in *Our World, Our Future*, Aonad 2, Ceacht 3, *A Responsible World*.

### Dearbhú Uile-Choiteann Cearta an Duine

Déantar téama cearta an duine a fhorbairt sa scéal Hana's Suitcase in *Me, you, Everyone*, Aonad 3, *Universal Declaration of Human Rights*

### Rights for Every Child

[http://www.unicef.org.uk/tz/resources/assets/pdf/every\\_child\\_colour\\_leaflet.pdf](http://www.unicef.org.uk/tz/resources/assets/pdf/every_child_colour_leaflet.pdf)

Is féidir an leabhrán tarraingteach seo, Rights for Every Child a íoslódáil ó shuíomh gréasáin UNICEF. Tá pictiúir ann maille le hailt faoi CCL agus iad grúpáilte timpeall ar théamaí mar oideachas agus rannpháirtíocht. Tá sé oiriúnach do ghrúpa measctha chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcuspóir atá le cur i láthair a dhéanamh ar cheann de na saincheisteanna.

## Rogha Chaoimhín

### Gníomhaíocht Bhreise 1

#### (Teangacha)

#### SCÉAL CHAOIMHÍN

Iarr ar na leanaí dul i ngrúpaí. Dáil an bhileog gníomhaíochta orthu leis an scéal Rogha Chaoimhín agus iarr ar na leanaí an scéal a léamh lena chéile agus na ceisteanna atá ann ina dhiaidh a fhreagairt agus ina dhiaidh sin plé a bheith ann maidir leis an téacs. Ansin ba chóir dóibh an tasc cairteála a ghabhann leis a dhéanamh.

d'fhéadfadh an scoil a dhéanamh?

Cén chaoi a bhféadfá a chinntiú go n-éistear le do ghuth maidir leis an tsaincheist seo?

- Cuir na torthaí i gcomparáid le rang eile a dhéanann an ceacht céanna. Iarr ar ghrúpa saoiálaithe tráchtareacht a scríobh agus moltaí a dhéanamh faoi ghníomhú ina leith.

### Gníomhaíocht Bhreise 2

#### (Matamaitic)

#### UALACH TROM

*Nóta Eolais: Bheadh ort scálaí meáchain a fháil roimh ré don ghníomhaíocht seo e.*

- Míniú gur imigh Emily i gcomhairle le leanaí nuair a bhí an oifig á cur ar bun aici, agus d'fhiafraigh sí díobh céard iad roinnt de na constaicí a bhí ann le hoideachas. Ar cheann de na gearáin is coitianta a rinne leanaí bhí ualach na málaí scoile. .

- Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na leanaí:

Cé chomh maith is a dhéanann do rang maidir leis an tsaincheist seo?

An ndearna an scoil aon rud faoin tsaincheist seo? An bhfuil aon rud a

### An Téama a Fhorbairt:

#### LEANAÍ SRÁIDE

Déan na saincheisteanna a bhaineann le leanaí nach bhfaigheann deis cheart oideachais a iniúchadh.

*Our World, Our Future*, Aonad 6, Ceacht 1

## Rogha Chaoimhín

Haileo, Is mise Caoimhín. Is ball den Lucht Siúil mé. Thosaigh mé ar mo dhara bliain ar an iar-bhunscoil. Faoi láthair, táim idir dhá chomhairle, an bhfanfaidh mé ar scoil nó an bhfágfaidh mé an scoil. Má fhágaim an scoil anois d'fhéadfainn tabhairt faoin gcearpantóireacht nó faoi dhramh-mhiotail a thrádáil. D'fhéadfainn roinnt mhaith airgid a thuilleamh. An ghairm ar mhaith liom a bheith agam, ámh, ná innealtóireacht. Fuair mé amach le déanaí, mura ndéanaim mo Theastas Sóisearach go mbeidh aiféala orm don chuid eile de mo shaol. Níor mhaith liom mo dheiseanna sa saol a theorannú. Ní rogha shimplí atá ann. Tá dhá thaobh den scéal ann i gcónaí, agus is fadhb an dá thaobh den scéal.

Ar thaobh amháin de, tá roinnt mhaith de na daoine sa rang a bhíonn ag caitheamh anuas orm toisc go bhfuilim i mo bhall den Lucht Siúil mar go gceapann siad go bhfuil siad níos fearr ná mé. Uaireanta téann siad i ngrúpaí i mo choinne, ach ní ligfidh mé leo sin a dhéanamh. Agus ansin tá duine nó beirt de na múinteoirí. Níl mórán measa acu orm toisc gur duine den lucht siúil mé. Nuair a d'imigh mé isteach i rang matamaitice an Uasail Uí Shé sa chéad seachtain ar ais ar scoil dúirt sé liom 'Nach bhfuil tú sa rang mícheart, Reilly?' Ní fhéadfadh sé a thuiscint go bhféadfadh duine den lucht siúil a bheidh sa rang onóracha. Sa bhunscoil, ní raibh duine de na múinteoirí ag súil le mórán uaim ach

oiread. Tá roinnt mhaith de mo chairde tar éis an scoil a fhágáil ar an gcúis seo. Chailleadar spéis ann.

Fós féin, ní bheinn anseo inniu ach na múinteoirí iontacha go léir a bhí agam. Nuair a bhí m'athair óg, ní bhfuair leanaí ón lucht siúil mórán oideachais ar chor ar bith. Ní dhearna na scoileanna mórán iarrachta bealach a aimsiú chun teacht ar na hábhair spéise don Lucht Siúil. Is beag leanbh ón Lucht Siúil a d'fhreastail ar an iar-bhunscoil. De ghnáth d'fhág siad an scoil, chun dul ag obair lena dteaghlaigh ina ionad. Cé go raibh gá agat a bheith ar scoil de réir dlí, ní dhearnadh aon chúram leantach den lucht siúil. Chomh maith leis sin, bhí sé an-deacair ar bhaill den Lucht Siúil obair a fháil agus mar sin ní raibh aon chúis leanaí a choinneáil ar scoil sa mhéid nach bhfaighidís post maith ina dhiaidh.

Ar an taobh eile de, bíonn mo chairde ag magadh fúm toisc go bhfreastalaím ar scoil agus ceapann siadsan gur cur amú ama atá ann. Cuireann siad brú orm agus bíonn siad ag spochadh asam. Tá roinnt de m'uncailí den tuairim chéanna mar nár bhain siadsan mórán leasa as an scoil.

Mar a luaigh mé, tá dhá thaobh de gach scéal. Agus uaireanta bím i dtrioblóid ar scoil. Ní naomh mé!

Cé go bhfuil sé an-deacair orm faoi láthair, creidim más féidir liom díriú ar an obair don chéad bhliain go leith eile, bainfidh mé amach mo sprioc. Tá an saol ina mairimid dírithe ar dhaoine a fhanann ar scoil. Ní bhíonn an méid céanna deiseanna ag daoine a fhágann an scoil go luath. Ag deireadh na bunscoile bhí sé ar intinn agam an scoil a fhágáil ach anois feicim go bhfuil nasc ann idir oideachas maith a bheith agat agus tús maith i do shaol oibre.



AINM:

DÁTA:

## Rogha Chaoimhín

Déan an scéal a léamh le do ghrúpa le do thoil agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cén rogha ar ghá do Chaoimhín a dhéanamh?

---

2. Cén staid dá chuid scolaíochta ag a bhfuil Caoimhín?

---

3. An bhfuil aon rud mícheart leis an rud a dúirt an tUasal Ó Sé le Caoimhín?

---

---

4. Dar le Caoimhín, cad iad na buntáistí a bhaineann le fanacht ar scoil?

---

---

---

5. Cad iad na buntáistí a bhainfeadh le fágáil anois?

---

---

---

6. An dóigh leat go bhfanfaidh Caoimhín ar scoil

---

7. Ag breathnú siar ar an scéal, an bhfuil aon chúiseanna leis an trioblóid a chruthaíonn Caoimhín ar scoil uaireanta.

---

8. Conas mar a d'fhéadfadh Emily cuidiú le grúpaí mionlaigh, ar nós an Lucht Siúil nó daoine nua a thagann isteach sa scoil?

---

In éineacht le do ghrúpa, déan cairt a léiríonn tuairim Chaoimhín, na buntáistí a bhaineann le fanacht ar scoil ar thaobh amháin de agus na míbhuntáistí ar an taobh eile de.



NASC BAILE Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: \_\_\_\_\_

## Súgradh do Chách



### Gníomhaíocht Leantach 1

(Ealaín)

#### LEANAÍ AG SÚGRADH

- Ba chóir go mbeadh bileog mhór pháipéir nó cárta ag gach grúpa.
- Iarr ar na leanaí plé a bheith acu lena bpáirtneir ar an gcaoi is fearr áis súgartha úsáideach a dhearadh dá n-aoisghrúpa féin.
- Ba chóir dóibh na nithe seo a leanas a chur san áireamh: rochtain do chách, comharthaí, sábháilteacht, taitneamhacht. D'fhéadfadh na leanaí iarracht a dhéanamh na grúpaí leanaí éagsúla go léir a shamhlú a bhainfeadh úsáid as. Ní mór dó a bheith oiriúnach do bhuachaillí agus do chailíní araon agus freastal ar leanaí le riachtanais speisialta.
- Ba chóir de leanaí an méid treoracha agus is féidir leo a scríobh, maille le ráitis nó nótaí mínitheacha ar mhaith leo a bheith ag gabháil leis na fógraí.
- Cuir clabhsúr leis an bplé gairid le plé faoi na nithe a bhféadfadh daoine fásta agus cinnteoirí iad a dhéanamh chun feabhas a chur ar dheiseanna súgartha do leanaí.

### Smaoineamh Breise 1

(Teangacha)



Cuir leis an ngníomhaíocht seo ach iarraidh ar ghrúpaí liosta a dhéanamh de na freagrachtaí go léir atá orthu siúd atá i bhfeighil na háise, freagrachtaí atá orthu siúd a bhaineann úsáid as an áis, agus an fhreagracht ar na daoine a théann thar bráid.

### An Téama a Fhorbairt

#### DÚSHAOTHRÚ LEANAÍ

Déan iniúchadh ar na saincheisteanna a bhaineann le cúram leantach a dhéanamh de leanaí nach bhfaigheann an deis chun súgartha (toisc go bhfuil siad ag obair) in *Me, you, Everyone*, *Amnesty International*, *Éire, et al*, Aonad 7

## Scathán Chaitlín

### Gníomh Leantach 1

(Béarla)/(Gaeilge)

#### SCÁTHÁN CHAITLÍN

Iarr ar na leanaí *Scáthán Chaitlín* a léamh agus na ceisteanna ar an mbileog gníomhaíochta a fhreagairt. Tabhair an rogha dóibh na ceisteanna a fhreagairt leo féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

### Smaoineamh Leantach 1

(Staidéar ar na Meáin)

Tacaigh leis na leanaí athbhreithniú a dhéanamh ar na meáin (m.sh. nuachtán áitiúil nó náisiúnta) lá amháin sa tseachtain chun scéalta a shainaithint a léiríonn constaicí do chlanna a bheith ag maireachtáil go sona. Cabhraigh leis na leanaí roinnt de na constaicí seo a ainmniú agus slite déileáil leis na constaicí a mholadh.

### Smaoineamh Leantach 2

(Ealaín)

D'fhéadfadh na leanaí grianghraif dá gclanna féin nó grianghraif as irisleabhair a léiríonn cineálacha éagsúla clainne a bhailiú chun colláis a dhéanamh.

### An Téama a Fhorbairt

Féadann na leanaí gaolta le daoine eile a iniúchadh, baill chlainne san áireamh, i *Me, You, Everyone* (Amnesty International, Éire et al) Aonad 2.

## Scathán Chaitlín

Bhreathnaigh Caitlín sa scáthán agus í ag cíoradh a cuid gruaige. De réir mar a d’amharc sí ar a híomhá, bhraith sí na deora léi, arís. Thug sí íde béil di féin “Táim seacht mbliana déag d’aois, ní féidir liom leanúint orm ag caoineadh mar a bheadh leanbh.” Ach níor chuidigh sé sin léi. Bhí sí ina cónaí i dTeach Dromore le cúig bliana anuas agus anois bhí uirthi an áit a fhágáil.

Chónaigh sí le tuismitheoirí altramais a saol ar fad. De réir mar a d’imigh sí in aois, chuir sé isteach uirthi nach raibh a fhios aici cérbh iad a tuismitheoirí breithe. Uaireanta bheadh sí feargach agus uaireanta foréigneach. Nuair a bhí sí dhá bhliain déag d’aois, thosaigh sí ag codladh amuigh faoin aer agus bhí sí i dtrioblóid leis na gardaí chomh maith le díobháil a dhéanamh dá sláinte.

Beartaíodh gurbh é Teach Dromore, ionad cónaitheach do chailíní, an áit ab oiriúnaí di. Níor theastaigh uaithi dul ann agus chruthaigh sé an-chuid trioblóide ar dtús. Ach ní fada gur thosaigh sí ag cur aithne ar an bhfoireann agus ar na cailíní eile agus thaitníodar léi agus d’imigh sí i dtaithí ar an áit. Bhí an fhoireann an-mhaith di ach bhí Molly, go háirithe, mar a bheadh máthair di, i gcónaí ag seiceáil conas mar a bhraith sí agus ag tabhairt féiríní di, bráisléad uair amháin - an

ceann a bhí fós á chaitheamh ag Caitlín. Bhraithfeadh sí uaithi Molly nuair a fhágfadh sí. Tar éis di a céad chúpla mí a chaitheamh i dTeach Dromore sa bhliain 2002, thosaigh sí ag brath i bhfad níos socra agus níos sláine agus thosaigh sí ag cur spéise sa scoil arís. Bhí sí an-chliste agus thosaigh ag éirí thar barr léi. Thaitin ceol agus matamaitic go mór léi agus fuair sí A i gcónaí sna hábhair sin.

Faoin taca seo bhí sí ag staidéar don Ardteistiméireacht a bheadh ar siúl i mí an Mheithimh. Bheadh sí ocht mbliana déag d’aois i gceann trí mhí ar an 17 Márta agus ba chóir go mbeadh sí ag súil leis agus de réir na rialacha ní raibh cead aici fanacht i dTeach Dromore mar a luaithe is a shroichfeadh sí 18 bheadh uirthi Teach Dromore a fhágáil, mar de réir dlí ní leanbh í a thuilleadh. Ní raibh sé de dhualgas ar na húdaráis an chosaint chéanna a sholáthar di nuair a bheadh sí ina duine fásta – rud a tharlódh thar oíche. Ní fhéadfadh sí díriú ar staidéar. Díreach sula raibh sí chun na scrúduithe Ardteistiméireachta a dhéanamh ní fhéadfadh sí ach smaoineamh go raibh uirthi Teach Dromore a fhágáil. Theastaigh ó gach éinne a bhí bainteach le Teach Dromore go bhfanfadh sí ann go dtí go bhfaighidís roinnt cabhrach di agus rinne siad gach rud ar a gcumas chun cuidiú léi. Bhí sí féin tar éis scríobh chuig gach duine in údarás a bhféadfadh sí smaoineamh orthu. Nuair a theip ar na hiarrachtaí seo uile, mhol Molly go scríobhfadh sí chuig

Oifig an Ombudsman do Leanaí ach b'shin dhá mhí ó shin anois.

Chuir Caitlín uirthi a geansaí agus d'imigh síos chuig an gceaintín le haghaidh lóin. Ina dhiaidh sin, d'imir sí cispheil lena cairde Anna, Helen, Sinéad, agus Adanna ach bhí sí lagchroích. Nuair a bhí uirthi staidéar a dhéanamh, in ionad dul go dtí an leabharlann, mar a rinne sí de ghnáth, shuigh sí faoi bhun an chrainn a bhí lasmuigh den chistin agus bhí tura aici di féin.

Ní go dtí seachtain dár gcionn go bhfaigheadh Caitlín amach go raibh foireann Emily ag obair ar an gceist. Chuir siad in iúl do na húdaráis cé nach raibh dualgas orthu leanúint ag tairiscint áite do Chaitlín i dTeach Dromore, go raibh an chumhacht acu cinneadh a dhéanamh ligeant di fanacht ann. Chuir tOmbudsman do Leanaí cás Chaitlín i láthair i bhfianaise a cearta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus chuir sí in iúl go raibh an cinneadh í a bhaint ó Theach Dromore sula mbeadh an Ardteistiméireacht críochnaithe aici ag

cur isteach ar a cearta chun oideachais, de bharr an bhrú a chuirfeadh sé uirthi. D'aontaigh na húdaráis sláinte leis seo agus thug siad cead do Chaitlín fanacht ann tar éis di ocht mbliana déag d'aois a shroicheadh. Chomh maith leis sin, d'aontaigh siad gur chóir go mbeadh iarchúram ann tar éis do Chaitlín Teach Dromore a fhágáil ar deireadh thiar.

Bhí Caitlín thar a bheith sásta, mar a bhí gach duine i dTeach Dromore. Ar oíche na nuachta, bhí ceann de na cóisirí is mó dá raibh riamh ann i dTeach Dromore. D'inis Molly do Chaitlín go mbeadh sí i gcónaí ar fáil di dá mbeadh cabhair uaithi.

D'éirigh thar barr le Caitlín san Ardteistiméireacht agus anois tá ríomheolaíocht á staidéar aici i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Anois nuair a bhreathnaíonn sí sa scáthán, bíonn a súile ag gáire ar ais léi. Tá súil aici go mbeidh an rath céanna ar Emily agus ar fhoireann Oifig an Ombudsman do Leanaí nuair a bheidh siad ag plé le daoine óga cosúil léi féin amach anseo.





AINM:

DÁTA:

## Scathán Chaitlín

Cá fhad a chaith Caitlín i dTeach Dromore?

---

Cad is Teach Dromore ann?

---

Cén fáth a raibh Caitlín foréigneach uaireanta, dar leat?

---

---

Cén chaoi ar chuidigh Molly le Caitlín?

---

---

Cad é breithlá Chaitlín?

---

Cén scrúdú a raibh sí ag staidéar dó?

---

Cén fáth nach bhféadfadh sí díriú ar an staidéar?

---

---

Cé hiad na daoine atá mar chlann ag Caitlín anois?

---

Céard a rinne an tOmbudsman do Leanaí do Chaitlín?

---

---

Scríobh liosta de na nithe ar mhaith leatsa a bheith i gclár iarchúraim Chaitlín nuair a fhágann sí Teach Dromore:

---

---

---

---



Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: \_\_\_\_\_

## Mo Shláinte agus Mo Chearta

### Gníomhaíocht Leantach 1

#### (OSSP, Teangacha)

##### AN TEILIFÍS DO LEANAÍ

- Déan cur síos ar raimhre, ach bí cúramach má tá leanaí ramhra sa rang agus pléigh na freagrachtaí atá ar dhaoine maidir leis. Cuir san áireamh leanaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí, an rialtas, comhlachtaí a dhíríonn a dtáirgí ar dhaoine óga, scoileanna, cumainn spóirt agus daoine a dhéanann fógraíocht.
- Dírigh ar an earnáil a bhíonn ag déanamh brabúis agus tabhair nodanna mar seo a leanas do na leanaí:
- An bhfuil freagracht ar na comhlachtaí a dhíríonn a dtáirgí ar leanaí?
- Nuair a deireann siad go bhfuil siad ag tabhairt rogha do na leanaí agus go bhfuil sé de cheart ag an leanbh a bheith ar an eolas maidir leis na sólaistí go léir atá ar fáil di/dó, an bhfuil an ráiteas sin cóir agus cothrom? Mura bhfuil, cén fáth?
- Pléigh samplaí de bhealaí a n-oibríonn an fhógraíocht atá dírithe ar leanaí.

## Smaoineamh Breise 1

(Teangacha, Ealaín)

### CÉ DEIR GO BHFUIL LEANAÍ LEISCIÚIL?

- Cuir na leanaí i ngrúpaí agus iarr orthu liosta a dhéanamh de na gníomhaíochtaí seach-churaclaim súgartha a mbíonn siad páirteach iontu, ina bhfuil gníomhaíocht fhisiciúil i gceist leo.
- Cuirfidh na grúpaí a dtorthaí i láthair.
- Iarr ar na leanaí a dtuairimí a chur in iúl. An bhfuil na gníomhaíochtaí seo ag cur le raimhre nó nach bhfuil nó an bhfuil siad gníomhach agus dá bhrí sin freagrach?
- D'fhéadfadh na leanaí críoch a chur leis an ngníomhaíocht ach póstaer a dhearadh ar an téama.

## An Téama a Fhorbairt

(OSSP, Teangacha)

<http://www.kidshealth.org/kid/>  
- Seo uirlis úsáideach chun cuidiú le leanaí bunscoile sna ranganna sinsearacha measúnú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin a dearadh do leanaí. D'fhéadfaidís tráchttaireacht a scríobh ar an luach a bhaineann leis do leanaí óga.

Nó d'fhéadfaidís obair thionscadail a dhéanamh ar ábhar a roghnaítear.

*N.B. Déileálann an suíomh gréasáin ní hamháin le saincheisteanna sláinte ach le saincheisteanna sóisialta agus teaghlaigh freisin ar nós conas déileáil go mothúchánach le colscaradh. Ba chóir do mhúinteoirí an suíomh gréasáin a sheiceáil roimh ré chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach do riachtanais forbartha agus foghlama na leanaí.. children's development and learning requirements.*

## Inniu mo Lá

### Gníomhaíocht Leantach 1

#### (Drámaíocht)

#### AG BUALADH LEIS AN GCOMHAIRLE

- Taispeáin nó léigh amach Inniu Mo Lá do na leanaí arís. Iarr ar na leanaí díriú an uair seo ar an difríocht idir dearcadh Mark agus dearcadh na Rannóige Tithíochta sa Chomhairle.
- I ndiaidh an phlé, iarr ar na leanaí machnamh breise a dhéanamh ar na saincheistanna ach an bhileog gníomhaíochta a chomhlánú.
- Nuair atá na bileoga gníomhaíochta comhlánaithe acu, iarr ar na leanaí oibriú le chéile i ngrúpaí beaga chun rólghlacadh a ullmhú ina bhfuil Mark agus a phléadálaithe (m.sh. a mháthair agus a dhochtúir) ag bualadh le hoifigigh agus comhairleoirí na Comhairle (m.sh. pleanálaithe agus ailtirí). Ba chóir go mbeadh an rólghlacadh den chruinniú seo taitneamhach do na leanaí, ach go mbeadh sé dírithe ar na croí-shaincheistanna chomh maith.
- Cuir an ghníomhaíocht i gcrích trí phlé deiridh a thosú a thacaíonn leis na leanaí na príomhphointí a dhiasrú.

### Smaoineamh Breise 1

#### (Teangacha)

#### AR AN GCÁS

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar ghrúpa iomlán nó i ngrúpaí beaga. Ba chóir go ndéanadh leanaí athbhreithniú ar Inniu Mo Lá ar bhealach a chuirfidh an méid eolais agus is féidir ar fáil mar fhreagra ar na

ceistanna seo a leanas:

- Céard iad na pointí a cheapann tusa a luafadh an tOmbudsman do Leanaí leis an gComhairle? (*más féidir, lig do na leanaí dul ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí, [www.oco.ie](http://www.oco.ie), cliceáil ar Do Chearta agus déan nóta de na cearta (airteagail) ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a d'fhéadfadh an OCO tagairt dóibh i gcás shuíomh Mark.*)
- Céard iad na moltaí a cheapann tusa ar chóir don OCO a thabhairt don Chomhairle?

(*Tacaigh leis na leanaí smaoineamh faoi mholtaí ginearálta bainteach le cumarsáidí agus gnáis na Comhairle chomh maith le haon mholtaí a bhaineann go sonrach le cás Mark.*)

- Ba chóir go ndéanfaí dearcaí na leanaí a thaifeadadh agus a chur san áireamh sa taispeántas a cruthaíodh i rith na bpríomhghníomhartha faoi theideal ar nós 'Ár gcuid Tuairimí agus Smaointe'.

### An Téama a Fhorbairt

#### (OSPS)

Cabhraigh leis na leanaí iniúchadh rochtana de spás poiblí a chomhlánú, m.sh. ionad fóillíochta áitiúil, leabharlann, ionad siopadóireachta nó amharclann. Chun tuilleadh eolais ar chritéir a d'fhéadfadh na leanaí a úsáid chun a measúnú a chur i ngníomh, téigh chuig an mhír inrochtaineachta de shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais, [www.nda.ie/](http://www.nda.ie/).

## Inniu mo Lá

Seo roinnt fíricí ó mo shaolsa.

Dúisím gach maidin. Caithfear mé a iompar ón leaba. Is féidir liom bogadh timpeall an tí i mo chathaoir. Is í mo mháthair mo chúramóir. Mark is ainm dom. Táim sé bliana déag d'aois. Tá galar forchéimnitheach orm atá do mo chur faoi mhíchumas. Éireoidh sé níos measa. Níl a fhios ag daoine áirithe conas cumarsáid a dhéanamh liom. Bíonn daoine eile ró-neirbhíseach iarracht a dhéanamh fiú. Níl an locht ar éinne.

Ach ní aithním an cur síos seo díom. Na fíricí seo. Tá gach ceann acu fíor ach ní léiríonn siad ach píosa an-bheag den fhírinne.

Tá cur síos eile díom a bhfuilim níos compordaí leis. Ghlacfaidh sé na cianta orm cur síos a dhéanamh ar an mboc sin – mise go fírinneach – an fíor-Mark. Bheadh sé chomh casta agus deacair céanna sainmhíniú fúm a chruthú is a bheadh duitse fút féin. Ach táim chomh normálta libh chomh maith. Pé scéal é, seo roinnt de na buaicphointí.

Is breá liom scannáin mhaithe. Bím buartha faoi théamh domhanda. Bíonn m'aighe lán de shíor. Tugaim tacaíocht do Newcastle Aontaithe...ar an drochuair. Nuair a bhím ag taibhreamh, nílim sáinnithe i gcorp fisiciúil. Tá roinnt cairde den chéad scoth agam.

Tá breithiúnas sármhaith agam ar bhannaí ceoil – ná bac mo chara Hendo ina thaobh. Éadromóga Seacláide? Go haoibhinn. Tá mo chuid hormón ar fud na háite. Cé go bhfuil mo chorp pairiliseach bíonn mo spiorad ag déanamh gleacaíochta. Táim i ngrá le deirfiúr Hendo – agus nílim ullamh in aon chor é a rá léi.

Inseoidh mé scéal tapa daoibh. Táimid inár gcónaí i dteach údaráis áitiúil, ceart go leor? Tá a fhios agaibh féin – dhá cheann thuas, dhá cheann thíos. Tá sé go breá. Comharsana deasa. Ceantar deas. Tá gnáthshaol á chaitheamh agam. Spóirt. Ag feamaíl thart. Scoil. Bíodh is go mbíonn mo mháthair ró-bhuartha fúm uaireanta, táim in ann smacht a choimeád ar mo shaol féin.

Ach ní mar a shíltear a bítear, i gcónaí. Rinneadh diagnóisiú orm agus fuarthas amach go raibh galar forchéimnitheach orm. Geit mhór. Éiríonn sé níos measa is níos measa fós. Éiríonn mo chuid gluaiseachta níos srianta. Bíonn gá agam le cathaoir rothaí. Bíonn cabhair ag teastáil uaim i gcónaí.

Bíonn an teacht ina namhaid agam ansin. Ní féidir liom dul suas staighre gan chúnamh. Ní féidir liom dul amach – níl aon dromchla atá sábháilte dom. Tá sé dodhéanta an cithfholcadán a úsáid. Níl dóthain spáis ann dom bogadh ón leaba chuig mo chathaoir. Iliomad rudaí. Iliomad fíricí.

Fad is a bhíonn mo chairde go léir ag fáil níos mó neamhspleáchais, táimse spleách ar mo mháthair.

Fad is a bhíonn saoirse á bhraith acu siúd, braithimse sáinnithe.

Tuigim féin is mo mháthair nach féidir linn maireachtáil sa teach sin a thuilleadh. Tá an t-údarás áitiúil in ainm is a bheith ag soláthar tithíochta cuí do chách. Tá daoine faoi mhíchumas san áireamh sa 'chách' sin. Téimid i dteagmháil leo.

Deir siad linn go bhfuil áit faighte acu dúinn – agus tá siad á chur in oiriúint

dúinn. Togha, ceapaimid. Téimid chun féachaint air. Níl sé i gceart. Tá mo riachtanais ag athrú de bharr mo thinnis. Tá áit ag teastáil uaim a bheadh ceart go leor dom amach anseo. In olcas dom a rachadh an scéal dá nglacaimis leis an teach sin.

Dúramar. Ach níor éist siad linn.

Giotaí ó na freagraí ‘maidir le d’iarratas ar..’ ‘is oth linn a rá ach..’ srl.

Glac leis nó ná glac leis. Níor ghlacamar leis. Ach leanamar orainn.

Níl aon trua uaim. Níl uaim ach meas. Chuamar ar thóir an ruda a bhí ceart is cóir dúinn. Níl mo mháthair ina cúramóir amháin. Is máthair chomh maith í. Agus is laoch domsa í.

Thosaigh an cath mór seo. Litir i ndiaidh litreach. Cruinnithe. Labhair mo dhochtúir – mo fhisiteiripeoir ar mo shon. Rinne saineolaithe eile troid ar mo shon chomh maith.

Níl agam ach mo chuid dínite. Níl scéal faoi mhíchumas é seo. Is faoin gcumas atá sé. Mo chumas an smacht is fearr a bheith agam ar mo shaol. Mo chinntí féin a dhéanamh. Ba chóir go gcabhródh na húdaráis leat sin a dhéanamh – ní a mhalairt.

Tháinig gearán isteach ó Mark agus a mháthair chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí. Dúirt siad nach raibh riachtanais Mark á gcomhlíonadh ag an teach a ofráladh dóibh. Go gcuirfí srian suntasach ar a cháilíocht beatha. Cheap siad chomh maith nach raibh athbhreithniú nó déileáil chóir á dhéanamh ar a gcás. I ndiaidh imscrúdaithe, d’aimsigh an OCO nach raibh aon fhianaise go raibh an teach curtha in oiriúint do riachtanais

shonracha Mark agus nach ndearnadh déileáil chóir leo.

Chuir an OCO líon moltaí isteach, agus ina measc bhí moltaí go ndéanfaí athbhreithniú ar chás Mark chun réiteach tithíocht oiriúnach a fháil; go bhféadfaí an tslí a ndearna an t-údarás áitiúil déileáil le cásanna dá leithéid a fheabhsú. D’admhaigh an t-údarás áitiúil go raibh na cinntí agus moltaí cruinn agus thosaigh siad ar obair a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scéal.

## Mark:

Chuaigh an OCO go mór i bhfeidhm ar mo shaol. Táim sé bliana déag d’aois anois. Tá áit nua againn. Tá sé in oiriúint go mór dom. Tá an méid neamhspleáchais agam agus is féidir.

Inniu mo lá. Ní féidir dul siar agus an t-am a chaitheamar ag troid ar son cothroime a fháil ar ais. Tá an t-am luachmhar, go háirithe nuair a bhíonn tinneas ar dhuine atá ag dul in olcas. Caithfear cuimhneamh go bhfuil an-chuid leanaí agus daoine óga sa suíomh céanna liom. Sin an fáth a gceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach go deo nach dtarlódh fadhbanna dá leithéid seo agus má tharlaíonn, go ndéantar iad a réiteach go tapa agus go héifeachtúil. Gur féidir saol iomlán a chaitheamh gan aon chonstaic ineachanta. Agus go mbíonn daoine ag déileáil le chéile le meas.

B’shin roinnt fíricí ó mo shaolsa. Agus seo ceann amháin eile. Ceann tábhachtach. Tháinig an misneach chugam faoi dheireadh a rá le deirfiúr Hendo go raibh mé i ngrá léi. Botún den scoth.

Níl na leids sásta.

AINM:

DÁTA:

## Inniu mo Lá

Ceapann Mark nár glacadh go dáiríre lena gcuid smaointe i gcónaí. An féidir leat smaoineamh ar aon chúis leis seo?

D'ofráil an chomhairle tithíocht do Mark, ach níor cheap sé féin go raibh sé oiriúnach. Cén fáth sin?

Rinne Mark agus a mháthair gearán le hOifig an Ombudsman do Leanaí? Céard a bhí le rá ag an OCO i dtaobh chás Mark?

Conas mar a ghlac an Chomhairle lena raibh le rá ag an OCO?

An bhfuil aon ní éagsúil a d'fhéadfadh an chomhairle a dhéanamh chun riachtanais tithíochta daoine a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr?

## Mise, Táim Slán?

### Smaoineamh Breise

#### (Ealaín)

Cuir na leanaí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga le sraith póstaer a dhearadh a bhfuil na príomhtheachtaireachtaí orthu i gcás na roghanna atá ag leanaí má tá bulaíocht á dhéanamh orthu. Is féidir teacht ar phríomhtheachtaireachtaí agus comhairle do leanaí maidir leis seo ar an suíomh gréasáin Anti Bullying Centre, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath - [www.abc.tcd.ie/school.html#8](http://www.abc.tcd.ie/school.html#8). D'fhéadfaí tacú leis na leanaí ansin a gcuid póstaer a chur ar taispeáint ar fud na scoile.

### An Téama a Fhorbairt

- Is pointe tosaithe maith é The [Anti-Bullying Centre](#), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath má tá fonn ort aon obair bhreise a dhéanamh ar théama na bulaíochta. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil do scoileanna san Ionad seo téigh chuig [www.abc.tcd.ie/services](http://www.abc.tcd.ie/services) nó glaoigh ar (01) 896 2573 / 896 3488.
- Más mian leat tionscadal a dhéanamh atá dírithe ar chibearbhulaíocht, cabhróidh an tsraith foilseachán [Get with it!](#) leat tosú ar an obair. Comhthionscnamh is ea é de chuid na hOifige Sábháilteachta Idirlín, Barnardos, O2 agus an Chomhairle Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), tá na hábhair seo ar fáil sa mhír foilseachán de shuíomh gréasáin na hOifige Sábháilteachta Idirlín, [www.internetsafety.ie](http://www.internetsafety.ie).
- Is acmhainn é de chuid na Comhairle um Chearta an Duine (ICCL) agus an NCTE é [ThinkB4Uclick](#). Cé gur dearadh é le bheith in úsáid i gcomhthéacs OSPS an Teastais Shóisearaigh, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhoinse úsáideach eolais agus smaointe más mian leat saincheisteanna faoi phríobháideacht ar líne agus na cearta agus freagrachtaí ábhartha i leith leanaí. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig [www.thinkb4uclick.ie](http://www.thinkb4uclick.ie).









